Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

# Treoirlínte d'Iarrthóirí

# ar

# Nochtadh Síntiús agus Caiteachais, Teorainneacha Caithimh agus

# Cuntais Síntiús Polaitíochta

# sna

# Toghcháin Áitiúla

# i mí 7 Meithimh 2024

**Foilsithe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe**

**Aibreán 2024**

# CLÁR ÁBHAIR

**Réamhrá agus Achoimre** 5

**Cuid 1 – Ginearálta**

1.1 Céard iad na teorainneacha caithimh a bheidh i bhfeidhm d'iarrthóirí? 9

1.2 Céard iad na socruithe atá déanta maidir le hiarrthóirí páirtí polaitíochta? 9

1.3 Cad is 'duine ainmnithe' ann agus conas is féidir leis an duine sin caiteachas a thabhú? 10

1.4 Achoimre ar mhéideanna teorann caithimh 10

1.5 Cén tréimhse ar gá caiteachais toghcháin tabhaithe a nochtadh lena haghaidh? 11

1.6 Céard atá i gceist le caiteachais toghcháin? 11

1.7 Cén caiteachas nach bhfuil san áireamh sa sainmhíniú ar chaiteachais toghcháin? 13

1.8 Caiteachais toghcháin a íoctar as Cistí Poiblí 16

1.9 Caiteachas a bhaineann le Toghcháin Pharlaimint na hEorpa 16

**Cuid 2 – Caiteachas toghcháin a thabhaíonn iarrthóir**

2.1 Cé atá in ann caiteachais toghcháin a thabhú thar ceann iarrthóra i dtoghchán áitiúil? 18

2.2 An gá don iarrthóir gníomhaire toghcháin a cheapadh? 18

2.3 An féidir le gníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe páirtí polaitíochta (lena n-áirítear gníomhaire náisiúnta agus gníomhaire toghcháin i dtoghchán Eorpach) caiteachais a thabhú thar ceann iarrthóra i dtoghchán áitiúil? 18

2.4 An féidir le hiarrthóir caiteachas a thabhú thar ceann páirtí polaitíochta i dtoghchán áitiúil? 18

2.5 An féidir le hiarrthóir duine éigin eile a údarú chun caiteachas a thabhú thar a c(h)eann i dtoghchán áitiúil? 18

2.6 Conas a chaitear le caiteachas tabhaithe ag comhlacht thar ceann iarrthóra i dtoghchán áitiúil? 19

| | | |
|---|---|---|
| 2.7 | An féidir le daoine nach bhfuil aon bhaint acu le hiarrthóir caiteachais a thabhú thar ceann an iarrthóra sin i dtoghchán áitiúil? | 19 |
| 2.8 | Conas a chaitear le hearraí a chuirtear ar fáil don iarrthóir saor in aisce nó ar phraghas níos lú ná an praghas tráchtála? | 20 |
| 2.9 | An bhfuil gá le fianaise ar chaiteachais tabhaithe thar ceann iarrthóra? | 21 |
| 2.10 | Cé atá in ann fógráin agus fógraí a chur ar fáil atá ag tacú le hiarrthóir nó atá ag cur i gcoinne iarrthóra i dtoghchán áitiúil? | 21 |
| 2.11 | Conas a chaitear le conarthaí a dhéanann iarrthóir, nó a dhéantar thar ceann iarrthóra? | 21 |
| 2.12 | Cén tréimhse atá sonraithe chun éilimh a dhéanamh in aghaidh iarrthóra maidir le caiteachais toghcháin? | 21 |
| 2.13 | Conas a chaitear le héilimh dhíospóidte a bhaineann le caiteachais toghcháin? | 22 |

## Cuid 3 – Síntiúis

| | | |
|---|---|---|
| 3.1 | An bhfuil na ceanglais síntiús a bhaineann le hiarrthóirí a n-éiríonn leo agus nach n-éiríonn leo mar an gcéanna? | 23 |
| 3.2 | Céard é síntiús? | 23 |
| 3.3 | Céard atá san áireamh i síntiús? | 23 |
| 3.4 | Cad nach meastar gur síntiús é? | 24 |
| 3.5 | Síntiúis níos mó ná €600 a nochtadh | 24 |
| 3.6 | Síntiúis Thoirmiscthe | 24 |
| 3.7 | Síntiúis chorparáideacha | 24 |
| 3.8 | Céard ba chóir d'iarrthóir a dhéanamh má fhaigheann sé nó sí síntiús toirmiscthe? | 25 |
| 3.9 | Cuntais Síntiús Polaitíochta | 26 |
| 3.10 | Síntiúis ó Idirghabhálaithe | 26 |

**Cuid 4 – Ráiteas síntiús/caiteachas toghcháin agus dearbhú reachtúil**

| | | |
|---|---|---|
| 4.1 | Céard é ráiteas síntiús/caiteachas toghcháin? | 27 |
| 4.2 | Céard é dearbhú reachtúil? | 27 |
| 4.3 | Cá háit ar chóir ráiteas agus dearbhú reachtúil a sholáthar? | 27 |
| 4.4 | An gá d’iarrthóirí taifid chaiteachais a choimeád? | 28 |
| 4.5 | Céard a dhéanann an t-údarás áitiúil leis na ráitis síntiús/caiteachas toghcháin agus dearbhuithe reachtúla a thugtar dó? | 28 |
| 4.6 | Céard a tharlaíonn má fhaigheann iarrthóir bás sula dtaisctear ráiteas síntiús/caiteachas toghcháin? | 28 |

**Cuid 5 – Dícháilithe agus pionóis**

| | | |
|---|---|---|
| 5.1 | Céard a tharlaíonn má sháraíonn iarrthóir na teorainneacha caithimh i dtoghchán áitiúil? | 29 |
| 5.2 | Céard a tharlaíonn má chuireann iarrthóir dearbhú bréagach nó míthreorach isteach? | 29 |
| 5.3 | Céard a tharlaíonn do chomhalta tofa nach gcuireann ráiteas síntiús/caiteachas toghcháin agus dearbhú reachtúil ar fáil laistigh de 90 lá ón lá vótála? | 29 |
| 5.4 | Céard iad na cionta agus pionóis a bhaineann le cuntais síntiús polaitíochta? | 30 |
| 5.5 | Céard iad na cionta agus pionóis a bhaineann le síntiúis thoirmiscthe? | 30 |
| 5.6 | Céard iad na cionta a bhaineann le foilsitheoir nuachtáin, irise nó foilseacháin thréimhsiúil eile? | 30 |

**Aguisín 1** **Ráiteas Síntiús agus Caiteachas Toghcháin**

**Aguisín 2** **Ráiteas Cuntais Síntiús Polaitíochta: Deimhniú agus Dearbhú Reachtúil**

**Aguisín 3** **Teorainneacha Caithimh Údaráis Áitiúil agus Toghlimistéir Áitiúil**

# RÉAMHRÁ AGUS ACHOIMRE

## Réamhrá

Foráiltear san *Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999* ("an tAcht"), do chóras nochta caiteachais agus síntiús i dtoghcháin áitiúla. Baineann na treoirlínte seo leis na ceanglais reachtúla atá ar iarrthóirí agus eisítear iad de bhun alt 18(6)(a) den Acht. Tá treoirlínte do ghníomhairí náisiúnta agus daoine ainmnithe páirtithe polaitíochta agus tríú páirtithe ar fáil freisin in imleabhar ar leith.

Ó reáchtáladh na toghcháin áitiúla dheireanacha in 2019 tá na teorainneacha caithimh atá i bhfeidhm le haghaidh toghchán áitiúil athbhreithnithe de réir na n-athruithe atá tagtha ar an bpraghasinnéacs tomhaltóirí. Ní dhearnadh aon athrú reachtach eile ar na rialacha a bhaineann le caitheamh toghcháin agus síntiúis a chuirtear i bhfeidhm i dtoghcháin áitiúla. Tá léargas le fáil sna treoirlínte seo ar an seasamh reatha: -

- Ag brath ar dhaonra an toghlimistéir áitiúil ábhartha, beidh an teorainn chaithimh d'iarrthóirí i dtoghcháin áitiúla 2024 cothrom le €15,350, €13,600 nó €11,500;

- Tá an síntiús uasta ar féidir le comhalta d'údarás áitiúil nó iarrthóir toghcháin áitiúil glacadh leis cothrom le €1,000;

- Ní mór d'iarrthóirí síntiúis ar mó iad ná €600 a thuairisciú;

- Is é €100 an t-uasmhéid ar féidir glacadh leis mar shíntiús anaithnid;

- Ní mór d'iarrthóir i dtoghchán áitiúil nó comhalta d'údarás áitiúil a fhaigheann síntiús airgid ar mó é ná €100 cuntas síntiús polaitíochta a oscailt agus a choinneáil in institiúid airgeadais sa Stát;

- Tá cosc ar ghlacadh le síntiús sa bhreis ar €200 ó dheontóir corparáideach mura bhfuil an deontóir cláraithe leis an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus mura dtugtar ráiteas don fhaighteoir ag deimhniú go bhfuil an síntiús ceadaithe ag an deontóir corparáideach ábhartha;

- Tá cosc ar ghlacadh le haon síntiús airgid níos mó ná €200;

- Sa chás go dtugtar síntiús trí idirghabhálaí, ní mór céannacht an duine a bhfuil an síntiús á dhéanamh thar a c(h)eann a chur ar fáil don fhaighteoir. Is cion é mainneachtain an fhaisnéis seo a sholáthar.

## Achoimre ar fhreagrachtaí agus ceanglais

- Maidir le hiarrthóir i dtoghchán áitiúil: -

(a) **féadfaidh sé/sí** gníomhaire toghcháin a cheapadh faoi alt 26 de *Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla 1995* (I.R. Uimh. 297 de 1995);

(b) **tá sé/sí** freagrach as an gcaiteachas toghcháin a thabhaíonn sé/sí;

(c) **féadfaidh sé/sí** duine a údarú chun caiteachas a thabhú thar a c(h)eann;

(d) **ní mór dó/di** taifid chuí a choinneáil ar gach idirbheart a bhaineann le caiteachas ar a f(h)eachtas toghcháin agus admhálacha, sonraisc nó dearbháin a choinneáil lena n-iniúchadh ag an údarás áitiúil, más gá;

(e) **ní ceadmhach dó/di** an teorainn chaithimh atá i bhfeidhm maidir leis an toghlimistéar áitiúil ina bhfuil sé nó sí ina s(h)easamh a shárú;

(f) **meastar** go leithdháileann sé/sí 10% den teorainn chaithimh infheidhme dá p(h)áirtí polaitíochta (níl feidhm aige seo maidir le hiarrthóirí neamhpháirtí). Is féidir an céatadán a athrú, áfach, trí chomhaontú i scríbhinn idir an t-iarrthóir agus an gníomhaire náisiúnta. Ba chóir don iarrthóir cóip den chomhaontú scríofa (más ábhartha) a choinneáil lena hiniúchadh ag an údarás áitiúil, más gá;

(g) **ní mór dó/di** má fhaigheann sé/sí, in aon bhliain féilire ar leith, síntiús airgid chun críocha polaitíochta *****, ar mó a luach ná €100, cuntas a oscailt agus a choinneáil in institiúid airgeadais sa Stát agus an síntiús sin a thaisceadh, chomh maith le haon síntiús airgid den chineál sin, is cuma cén luach, a fhaigheann sé nó sí, sa chuntas sin. Ba chóir don chuntas a bheith ar leithligh ó aon chuntas pearsanta nó polaitíochta eile atá á choinneáil;

(h) **ní mór dó/di** taifead a choinneáil ar gach síntiús a fhaightear;

(i) **ní ceadmhach dó/di** glacadh le -

- síntiús gan ainm ar mó é ná €100,
- síntiús airgid thirim ar mó é ná €200,
- síntiús corparáideach is mó ná €200 ach amháin má tá an deontóir cláraithe leis an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus má thugtar ráiteas don fhaighteoir ina ndeimhnítear go bhfuil an tabhartas faofa ag comhaltaí, scairshealbhóirí nó iontaobhaithe an deontóra chorparáidigh lena mbaineann,
- síntiús ar mó é ná €1,000 ón bhfoinse chéanna sa bhliain féilire chéanna, nó
- síntiús eachtrach is cuma cé mhéad.

- Má <u>éiríonn</u> le hiarrthóir sa toghchán ní mór dó/di: -

  (a) ráiteas caiteachais ar an bhfoirm fhorordaithe, lena n-áirítear dearbhú reachtúil, a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil ar ar toghadh iad laistigh de 90 lá ón lá vótála (i.e. ar nó roimh mhí 5 Mheán Fómhair 2024);

  (b) ráiteas síntiús a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil, tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir gach bliain, ina gcuirtear in iúl an bhfuair an comhalta síntiús ar mó a luach ná €600 i rith na bliana roimhe;

  (c) ráiteas a sholáthar, in éineacht leis an ráiteas síntiús, a chuir institiúid airgeadais sa Stát ar fáil, má osclaíodh cuntas síntiús polaitíochta, ráiteas ina shonraítear na hidirbhearta a rinneadh i dtaca leis an gcuntas le linn na bliana roimhe, in éineacht le deimhniú ina luaitear gur taisceadh gach ceann de na síntiúis airgid a fuarthas le linn na bliana sin, i ndiaidh don chuntas a oscailt, sa chuntas sin agus gur úsáideadh gach méid a cuireadh chun dochair don chuntas sin chun críocha polaitíochta.

- <u>Mura n-éiríonn</u> le hiarrthóir i dtoghchán ní mór dó/di: -

  (a) ráiteas caiteachais ar an bhfoirm fhorordaithe agus dearbhú reachtúil, lena n-áirítear sonraí gach síntiúis de bhreis ar €600 a fuarthas chun íoc as na caiteachais sin, a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil a raibh sé/sí ag iarraidh go dtoghfaí é nó í air, laistigh de 90 lá ón lá vótála (i.e. ar nó roimh mhí 5 Mheán Fómhair 2024);

  (b) ráiteas ó institiúid airgeadais sa Stát a chur isteach [chun gabháil leis an ráiteas caiteachas/síntiús in (a) thuas] má osclaíodh cuntas síntiús polaitíochta. Ní mór go sonrófar sa ráiteas na hidirbhearta a rinneadh i dtaca leis an gcuntas síntiús polaitíochta le linn na tréimhse a thosaigh ar an dáta ar ar osclaíodh an cuntas agus a chríochnaigh ar an lá vótála, agus deimhniú ina luaitear gur taisceadh gach síntiús sa chuntas sin agus gur cuireadh iad chun dochair an chuntais sin.

- Foráiltear san Acht do dhícháilithe, cionta agus pionóis mar gheall ar neamhchomhlíonadh.

- Tá cóipeanna de na foirmeacha forordaithe in Aguisín 1 agus in Aguisín 2.

- Tá táblaí ina bhfuil sonraí maidir leis na teorainneacha caithimh a bhaineann le gach toghlimistéar áitiúil laistigh de gach údarás áitiúil le fáil in Aguisín 3.

***** ciallaíonn ***críocha polaitíochta***:

- leasanna páirtí polaitíochta nó comhalta d'údarás áitiúil a chur chun cinn, go díreach nó go neamhdhíreach, nó a chur ina gcoinne, nó

- beartais nó beartas áirithe de chuid páirtí polaitíochta nó comhalta d'údarás áitiúil nó tríú páirtí a chur i láthair go díreach nó go hindíreach, nó

- tráchtanna páirtí polaitíochta, comhalta údaráis áitiúil, nó tríú páirtí maidir le beartas nó beartais de chuid páirtí polaitíochta nó comhalta d'údarás áitiúil, tríú páirtí nó iarrthóir eile sa toghchán nó sa phobalbhreith nó feachtas nó eile a chur i láthair go díreach nó go hindíreach,

- leasanna tríú páirtí a chur chun cinn nó cur ina gcoinne, go díreach nó go neamhdhíreach, i ndáil le stiúradh nó le bainistiú aon fheachtais a sheoltar d'fhonn toradh áirithe a chur chun cinn nó a fháil i dtaca le pobalbhreith nó ábhar polaitíochta áitiúil, nó

- toghadh iarrthóra sa toghchán a chur chun cinn, go díreach nó go neamhdhíreach, nó cur ina choinne, nó vótaí a shireadh ar son nó i gcoinne iarrthóra nó beartais nó beartas áirithe de chuid iarrthóra nó tuairimí an iarrthóra maidir le haon ní i dtaca leis an toghchán nó tráchtanna iarrthóra maidir le beartas nó beartais de chuid páirtí polaitíochta nó tríú páirtí nó aon iarrthóir eile sa toghchán nó eile a chur i láthair,

- tionchar a imirt ar thoradh an toghcháin, na pobalbhreithe nó feachtais ar shlí eile.

## CUID 1 – GINEARÁLTA

### 1.1 Céard iad na teorainneacha caithimh a bheidh i bhfeidhm d'iarrthóirí?

Tá na teorainneacha seo leagtha amach in alt 12A(1) den Acht arna leasú ag *an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014*. Beidh scála aistritheach lena mbaineann trí theorainn chaithimh ar leithligh, bunaithe ar an daonra i ngach toghlimistéar aonair, i bhfeidhm. Beidh teorainn uasta de €15,350 i bhfeidhm sna limistéir ina bhfuil an daonra is airde, agus beidh teorainn de €13,600 agus €11,500 i bhfeidhm i ndáil le hiarrthóirí i dtoghlimistéir áitiúla eile, ag brath ar an daonra. Tá na teorainneacha caithimh atá i bhfeidhm i ngach toghcheantar áitiúil aonair ar fáil sna táblaí in Aguisín 3.

### 1.2 Céard iad na socruithe atá déanta maidir le hiarrthóirí páirtí polaitíochta?

Beidh na teorainneacha caithimh do na toghcháin áitiúla i bhfeidhm i ndáil le hiarrthóirí aonair ar an gcéad ásc. Faoi Alt 12(1)(c) den Acht, glactar leis go leithdháilfidh iarrthóirí atá ainmnithe ag páirtí polaitíochta 10% dá dteorainn chaithimh do ghníomhaire náisiúnta an pháirtí go huathoibríoch. Mar shampla, mheasfaí go leithdháilfeadh iarrthóir páirtí a mbeadh €15,350 de theorainn aige nó aici €1,535 go huathoibríoch lena úsáid ag an bpáirtí. €13,815 an teorainn iarbhír a bheadh acu.

Tá cead ann, áfach, an figiúr 10% a athrú suas nó síos. Sa chás go sanntar céatadán malartach de theorainn iarrthóra (seachas 10%) dá p(h)áirtí polaitíochta, foráiltear an méid seo a leanas san Acht *"comhaontaithe i scríbhinn idir an t-iarrthóir agus gníomhaire náisiúnta an pháirtí polaitíochta"*.

Ní shonraítear san Acht cathain ba chóir an comhaontú i scríbhinn a dhéanamh idir an t-iarrthóir agus an gníomhaire náisiúnta. Tá sé inmholta, áfach, an comhaontú seo a dhéanamh chomh luath agus is féidir. Ar an gcuma chéanna, ní chuireann an tAcht bac ar athchaibidlíocht ar an méid atá comhaontaithe trí shannadh scríofa.

Sa chás go ndéantar comhaontú i scríbhinn, ba chóir go sonrófaí go soiléir an céatadán malartach (seachas 10%) agus an méid sannta ón iarrthóir don ghníomhaire náisiúnta. Ba chóir go mbeadh sé sínithe ag an iarrthóir agus ag an ngníomhaire náisiúnta **araon**. Níor chóir go sáródh iomlán na méideanna atá sannta don ghníomhaire náisiúnta agus an méid atá coinnithe ag an iarrthóir teorainn chaithimh iomlán an iarrthóra. Agus é nó í ag cur ráiteas síntiús agus caiteachas isteach i ndiaidh an toghcháin, ní mór d'iarrthóir a chur in iúl an ndearnadh comhaontú scríofa. I gcás go ndearnadh comhaontú scríofa, ní mór don iarrthóir an céatadán agus an méid malartach a aontaíodh a lua. Ní gá cóip den chomhaontú scríofa a chur isteach leis an ráiteas síntiús agus caiteachais a chuirtear faoi bhráid an údaráis áitiúil. **Más ábhartha, ba chóir cóip den chomhaontú scríofa a choinneáil i gcás ina n-éilíonn an t-údarás áitiúil í.**

Sa chás nach ndéantar aon chomhaontú i scríbhinn, cionroinnfear 10% de theorainn chaithimh an iarrthóra don ghníomhaire náisiúnta go huathoibríoch.

## 1.3 Céard is 'duine ainmnithe' ann agus conas is féidir leis an duine sin caiteachas a thabhú?

Ceapann gníomhaire náisiúnta an pháirtí polaitíochta duine ainmnithe agus is féidir leis an duine sin caiteachas a thabhú thar ceann an pháirtí laistigh de thoghlimistéar áitiúil. Tagann caitheamh an duine ainmnithe ón gcion den teorainn chaithimh atá leithdháilte ag iarrthóirí ar an ngníomhaire náisiúnta (i.e. an 10% atá leithdháilte go huathoibríoch ar an bpáirtí nó an céatadán malartach atá comhaontaithe i scríbhinn).

Foráiltear le halt 12A(1)(c)(iii) den Acht nach mór an méid caithimh a bhfuil cead ag an duine ainmnithe a thabhú a chomhaontú i scríbhinn idir an gníomhaire náisiúnta agus an duine ainmnithe.

Foráiltear le fo-alt (3) d'alt 12A den Acht nach gceadaítear do chomhiomlán na gcaiteachas toghcháin is féidir leis an ngníomhaire náisiúnta agus duine ainmnithe páirtí a thabhú thar ceann an pháirtí laistigh de thoghlimistéar áitiúil suim mhéideanna na gcaiteachas toghcháin do gach iarrthóir den pháirtí sin, sa toghlimistéar áitiúil sin, atá leithdháilte ar an ngníomhaire náisiúnta, a shárú.

Mar shampla, má tá triúr iarrthóirí ag páirtí i dtoghlimistéar áitiúil agus má tá teorainn chaithimh an iarrthóra cothrom le €15,350, agus mura bhfuil aon chomhaontú i scríbhinn déanta idir na hiarrthóirí agus an gníomhaire náisiúnta, bheadh an caitheamh uasta a d'fhéadfadh an duine ainmnithe a thabhú thar ceann an pháirtí sa toghlimistéar áitiúil cothrom le €4,605 (€1,535 x 3 iarrthóir). Ba chóir a thabhairt faoi deara arís gur chóir go mbeadh údarú scríofa ón ngníomhaire náisiúnta chun caiteachas a thabhú ag an duine ainmnithe.

## 1.4 Achoimre ar mhéideanna teorann caithimh

| Toghlimistéar Áitiúil | Teorainn Chaithimh an Iarrthóra | 10% den Teorainn le Leithdháileadh ar an nGníomhaire Náisiúnta (Iarrthóirí Páirtí Polaitíochta) | Teorainn Chaithimh Éifeachtach (Iarrthóirí Páirtí Polaitíochta) |
|---|---|---|---|
| toghlimistéar áitiúil le daonra de níos mó ná 35,000 | €15,350 | €1,535 | €13,815 |
| toghlimistéar áitiúil le daonra idir 18,001 agus 35,000 | €13,600 | €1,360 | €12,240 |
| toghlimistéar áitiúil le daonra de 18,000 nó níos lú | €11,500 | €1,150 | €10,350 |

## 1.5 Cén tréimhse ar gá caiteachais toghcháin tabhaithe a nochtadh lena haghaidh?

Sonraítear in Alt 12B den Acht go socrófar an tréimhse chaiteachais le hordú a dhéanfaidh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, agus nach mór di tosú idir 50 agus 60 lá roimh an lá vótála, agus críochnú ar an lá vótála. Ní mór d'iarrthóirí caitheamh toghcháin tabhaithe i rith na tréimhse seo a nochtadh. Tá an caiteachas a thabhaítear chun críche toghcháin i rith na tréimhse seo faoi réir na dteorainneacha caithimh a bhfuil cur síos déanta orthu cheana féin.

Foráladh san *Ordú fán Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999 (An Tréimhse chun Caiteachais Toghcháin a Ríomh), 2024* (I.R. Uimh. 135 de 2024) do thosach na tréimhse caithimh i mí Aibreáin 2024; tiocfaidh deireadh leis an tréimhse ar an lá vótála i Meitheamh 2024. Ba chóir go mbeadh faisnéis maidir leis an teorainn chaithimh ar fáil ó gach údarás áitiúil; tá preasráiteas ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ag www.housing.gov.ie.

Ní mór caiteachais a thabhaítear i dtaca leis na toghcháin áitiúla ach a dhéantar roimh thús na tréimhse caiteachais a chur san áireamh freisin sa ráiteas caiteachas toghcháin a chaithfidh an t-iarrthóir a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil (féach Cuid 4), má bhaineann na caiteachais le maoin, earraí nó seirbhísí a úsáidtear sa toghchán le linn na tréimhse caiteachais. Mar shampla, ní mór cuntas a thabhairt ar phóstaeir nó bileoga ordaithe agus íoctha roimh thréimhse an chaithimh toghcháin, ach úsáidte i rith thréimhse an chaithimh toghcháin.

Ní bheidh sé riachtanach cuntas a thabhairt ar chaiteachais nó íocaíochtaí tabhaithe i ndáil le maoin, earraí nó seirbhísí a úsáideadh roimh thosach thréimhse an toghcháin nó i ndiaidh thréimhse an toghcháin. San áireamh anseo bheadh póstaeir toghcháin a bhaint (má bhaintear a leithéid i ndiaidh an lae vótála). Sa chás go dtabhaítear caiteachais ar mhaoin, earraí nó seirbhísí a páirtúsáideadh i rith thréimhse an toghcháin, beidh sé riachtanach cuntas a thabhairt ar an gcuid a úsáideadh i rith thréimhse an toghcháin.

Ní gá cuntas a thabhairt ar ábhar a foilsíodh ar an Idirlíon nach bhfuil baint dhíreach aige le tréimhse an toghcháin áitiúil agus a réamhdhátaíonn an tréimhse sin sa ráiteas caiteachas toghcháin. San áireamh anseo, mar shampla, bheadh sean-phreasráitis agus ábhar poiblíochta atá fós ar fáil ar shuíomh gréasáin i rith thréimhse chaithimh an toghcháin.

Má fhoilsítear fógra i nuachtán nó i bhfoilseachán tréimhsiúil eile ar a bhfuil dáta foilseacháin (i.e. an dáta priontáilte ar an bpáipéar), atá i rith thréimhse an toghcháin, glacfar leis an bhfógra mar chaiteachas toghcháin. Má tá an dáta foilsithe a thaispeántar ar an bhfoilseachán roimh nó i ndiaidh thréimhse an toghcháin, ní ghlacfar leis an bhfógra mar chaiteachas toghcháin.

## 1.6 Céard atá i gceist le caiteachais toghcháin?

Ciallaíonn caiteachais toghcháin, in Alt 6 den Acht, an caiteachas go léir tabhaithe chun críocha toghcháin d'fhonn na nithe seo a leanas a dhéanamh: -

(i) leasanna páirtí polaitíochta a chur chun cinn, go díreach nó go neamhdhíreach, nó cur ina gcoinne, go díreach nó go neamhdhíreach, nó beartais nó beartas áirithe de chuid páirtí polaitíochta nó tráchtanna páirtí polaitíochta maidir le beartas nó beartais de chuid páirtí polaitíochta eile nó de chuid iarrthóir amháin nó níos mó sa toghchán a chur i láthair; nó

(ii) toghadh iarrthóra i dtoghchán a chur chun cinn, go díreach nó go neamhdhíreach, nó cur i gcoinne toghadh iarrthóra, go díreach nó go neamhdhíreach, nó vótaí a shireadh thar ceann nó i gcoinne iarrthóra nó beartais nó beartas áirithe de chuid iarrthóra nó tuairimí iarrthóra maidir le haon ní i dtaca leis an toghchán nó tráchtanna iarrthóra maidir le beartas nó beartais de chuid páirtí polaitíochta nó de chuid aon iarrthóra eile sa toghchán, a chur i láthair; nó

(iii) tionchar a imirt ar thoradh an toghcháin ar shlí eile.

Seo thíos na caiteachais dá dtagraítear in (i), (ii) agus (iii) thuas: -

(a) **Fógraíocht (is cuma cad é an meán a úsáideadh).**
San áireamh i gcaiteachais a bhaineann lena leithéid d'fhógraíocht tá táillí gníomhaireachta, costais dearaidh agus costais eile a tabhaíodh maidir le hullmhú, táirgeadh, dáileadh nó a leithéid d'fhógraíocht a dháileadh ar shlí eile.

(b) **Poiblíocht.**
San áireamh i gcaiteachais a bhaineann lena leithéid tá caiteachais a tabhaíodh maidir le craoltaí páirtí polaitíochta, aon seirbhís nó saoráid a sholáthar a bhaineann le preasócáidí nó déileálacha eile leis na meáin, comhairle agus oiliúint agus grianghrafadóireacht a bhaineann leis na meáin.

(c) **Póstaeir toghcháin.**
San áireamh i gcaiteachais a bhaineann le hábhar mar seo tá na costais a bhaineann le dearadh, táirgeadh, priontáil, crochadh agus baint anuas póstaer toghcháin.

(d) **Ábhar toghcháin eile.**
San áireamh i gcaiteachais a bhaineann lena leithéid d'ábhar tá dearadh, táirgeadh, priontáil agus scaipeadh a leithéid sin d'ábhar (seachas póstaeir), lena n-áirítear cártaí canbhasála, bileoga toghcháin, forógraí toghcháin, nuachtlitreacha agus ábhar poiblíochta toghcháin eile.

(e) **Oifig agus Stáiseanóireacht.**
San áireamh i gcaiteachais a bhaineann leis na nithe seo tá costais a tabhaíodh maidir le fáil ar cíos nó úsáid áitribh oifige nó seomraí cruinnithe chun críocha toghcháin (seachas do na críocha a bhaineann le comhdhálacha páirtí bliantúla nó eile) agus na costais a bhaineann le téamh, leictreachas, árachas, ceannach nó fáil ar cíos trealaimh oifige, teileafóin, stáiseanóireacht agus postas.

(f) **Iompar agus taisteal.**
San áireamh i gcaiteachais a bhaineann leis na nithe seo tá caiteachais a tabhaíodh maidir le hiompar agus taisteal (ar aon mhodh), peitreal agus díosal, fáil ar cíos nó úsáid feithiclí feachtais, fáil ar cíos nó úsáid feithiclí chun vótálaithe a iompar ar an lá vótála, costais chóiríochta, seirbhísí tacsaí agus hacnaí agus seirbhísí cúiréara.

(g) **Taighde margaidh.**
San áireamh i gcaiteachais a bhaineann leis an ní sin tá caiteachais a tabhaíodh maidir le pobalbhreith nó suirbhé eile den chineál céanna a bhain le toghchán laistigh de thréimhse 60 lá roimh an lá vótála i dtoghchán ag nó thar ceann páirtí polaitíochta nó iarrthóra toghcháin.

(h) **Oibrithe feachtais.**
San áireamh i gcaiteachais a bhaineann leis an ní sin tá íocaíochtaí le hoibrithe feachtais, árachas agus costais eile.

## 1.7 Cén caiteachas nach bhfuil san áireamh sa sainmhíniú ar chaiteachais toghcháin?

Foráiltear le hAlt 6 den Acht <u>nach</u> meastar gur caiteachas toghcháin iad na caiteachais seo a leanas atá le nochtadh sa ráiteas caiteachas toghcháin: -

(a) caiteachais taistil riachtanacha tabhaithe ag iarrthóir nó ag aontaitheoir agus na **<u>ceanglais ainmniúcháin</u>** chun toghadh a iarraidh á gcomhlíonadh acu;

(b) ceannach cóipeanna nó codanna de **<u>chlár na dtoghthóirí</u>**;

(c) **<u>caiteachais mhaireachtála réasúnacha</u>**, (cóiríocht san áireamh), a thabhaíonn iarrthóir nó duine/daoine a oibríonn thar ceann iarrthóra ar bhonn deonach

(d) aon suim airgid a eisíocann duine aonair as a (h)acmhainní dílse i dtaca le haon **<u>mhionchaiteachas</u>**, (nach mó í ná €126.97 in aon íocaíocht amháin), a thabhaítear go dleathach i dtaca leis a toghchán mura n-aisíoctar an tsuim sin leis an duine;

(e) caiteachais a tabhaíodh chun maoin, earraí nó seirbhísí a sholáthar a cuireadh ar fáil ag **<u>toghchán roimhe sin</u>** agus a áiríodh i ráiteas costas toghchán a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí nó údaráis áitiúil i leith toghcháin roimhe sin;

(f) buntáistí bunaithe ar an méid seo a leanas -

   (i) **seirbhís a chuir duine aonair ar fáil**, lena n-áirítear úsáid mhótarfheithicil an duine aonair, thar ceann iarrthóra i dtoghchán áitiúil, nuair is in aisce a sholáthraítear an tseirbhís sin agus nach cuid í d'obair an duine a rinneadh faoi chonradh fostaíochta, nó i gcás go bhfuil an duine sin féinfhostaithe, i ngnáthchúrsa gnó nó i gcleachtadh ghairm an duine sin,

(ii) **seirbhís a chuir** **duine aonair atá fostaithe ag páirtí polaitíochta** (cibé acu a n-íoctar é nó í as acmhainní dílse an pháirtí nó as cistí poiblí) ar fáil i dtoghchán áitiúil, lena n-áirítear úsáid mhótarfheithicil an duine aonair, thar ceann iarrthóir an pháirtí sin i dtoghchán áitiúil i gcás nach bhfuil aon sochar airgid nó comhchineáil á fháil ag an duine aonair seachas a g(h)náthluach saothair (lena n-áirítear forchúiteamh caiteachas) i gcomaoin na seirbhíse sin;

(g) nuacht, tuairiscí, ailt, gné-ailt, tráchtanna eagarfhocail nó tráchtanna eile, lena n-áirítear litreacha chuig an eagarthóir, a **fhoilsiú** i nuachtán, iris nó i bhfoilseacháin thréimhsiúla eile, nó na nithe sin a chraoladh ar an raidió nó ar an teilifís, i gcás ina ndéantar an foilsiú nó an craoladh sin sa tslí chéanna le hábhar eile a bhaineann le saincheisteanna ar díol spéise nó imní phoiblí iad agus i gcás nach bhfoilsítear an nuachtán, an iris nó an foilseachán tréimhsiúil eile chun leasanna páirtí polaitíochta nó iarrthóra i dtoghchán a chur chun cinn; agus

(h) **craoltaí** raidió agus teilifíse a dhéantar thar ceann páirtí polaitíochta nó iarrthóra i dtoghchán.

I ndáil leis na nithe roimhe seo, ba chóir aird a thabhairt ar na pointí seo a leanas freisin: -

- san áireamh i **gcaiteachais réasúnacha mhaireachtála** iarrthóra nó aon duine atá ag obair ar bhonn **deonach** thar ceann an iarrthóra tá caiteachas a bhaineann le sólaistí agus mionchaiteachais as póca eile. Faoin gceannteideal seo, sa bhreis ar chostais chóiríochta, ceadaítear caitheamh suas go dtí **€50 an duine in aghaidh an lae** ar shólaistí, etc. agus ní gá cuntas a thabhairt ar a leithéid. Táthar ag súil go mbeidh smacht réasúnach ag iarrthóirí ar an gcaiteachas seo;

- meastar gur caiteachais toghcháin iad caiteachais a thabhaítear maidir le **hoibrithe toghcháin íoctha** (mar shampla, lucht crochta póstaer) nach bhfuil fostaithe ag páirtí polaitíochta, mar gheall ar shólaistí nó mionchaiteachais as póca eile

- is caiteachais toghcháin iad aon sochar airgid nó sochar comhchineáil (mar shampla liúntas dualgas breise a íoc) a íoctar le daoine **atá fostaithe ag páirtí polaitíochta** atá sa bhreis ar ghnáthluach saothair an duine;

- meastar gur caiteachais toghcháin iad **taisteal (lena n-áirítear peitreal/díosal), costais chóiríochta agus muirir theileafóin** a thabhaíonn aon duine atá bainteach le feachtas toghcháin iarrthóra, i gcás ina n-aisíoctar na costais nó muirir sin leis an duine. Ní ghlacfar lena leithéid de chostais agus muirir tabhaithe ag duine atá fostaithe ag páirtí polaitíochta mar chaiteachais toghcháin nuair atá an duine sin ag déanamh seirbhíse a bhaineann leis an toghchán;

- oifigí a úsáid atá faoi úinéireacht páirtí polaitíochta agus curtha ar fáil d'iarrthóir lena n-úsáid i dtoghchán. Ní gá costas barúlach cíosa a lua le húsáid na n-oifigí sin. **Is** caiteachais toghcháin iad costas teasa, solais, teileafón, etc. a thabhaítear chun críocha polaitíochta sna hoifigí sin le linn thréimhse an toghcháin;

- ní mheastar gur caiteachas toghcháin é mír chraolta a tharchur. Ní bhaineann an t-eisiamh seo le nithe eile atá nasctha le craoladh cosúil le saoráidí táirgthe a nglacfaí leo mar chaiteachas toghcháin;

- ní ghlactar le seirbhísí cuntasóra nó duine éigin eile, atá ceaptha do chríoch shonrach chun cuidiú le ceanglais an Achta a chomhlíonadh mar chaiteachas toghcháin;

- Tagraítear in Alt 6 den Acht go sonrach do dhuine aonair agus don úsáid atá á baint as mótarfheithicil duine aonair. Sa chás go gcuirtear an tseirbhís seo ar fáil saor in aisce, agus nach nglactar léi mar ghné d'obair an duine aonair sin, nó mar chuid de chonradh fostaíochta etc., ní ghlactar léi mar chaiteachas toghcháin. Má chuireann duine aonair níos mó ná feithicil amháin ar fáil, áfach, d'fhéadfaí glacadh le húsáid na bhfeithiclí breise mar chaiteachais toghcháin. Má chuirtear feithicil, atá faoi úinéireacht cuideachta, comhpháirtíochta, gnólachta etc ar fáil d'iarrthóir, ní mheastar gur seirbhís saor in aisce í atá curtha ar fáil ag daoine aonair. I gcásanna den chineál sin, meastar gur costas toghcháin é feithicil a úsáid le linn thréimhse an toghcháin. Ní mór an costas tráchtála a bhaineann le feithicil den chineál céanna a fhruiliú do thréimhse den chineál céanna a fháil amach chun an caiteachas toghcháin a ríomh;

- B'fhéidir go mbeadh sé riachtanach caiteachais áirithe a thabhú thar ceann iarrthóra chun a rannpháirtíocht sa phróiseas toghcháin nó tuiscint ar an reachtaíocht iomchuí a éascú. **Ní** féidir glacadh leo seo mar chuid de chaitheamh toghcháin iarrthóra nó páirtí polaitíochta. D'fhéadfaí glacadh leis an méid thíos mar shamplaí -

  - costais cúraim leanaí bhreise,

  - an costas a bhaineann le hionadaithe oibre,

  - cead neamhláithreachta le pá,

  - ús iasachta agus táillí bainc,

  - na costais a bhaineann le cruinnithe arna dtionóil chun eolas a roinnt le rannpháirtithe toghcháin faoi na ceanglais a bhaineann leis an reachtaíocht toghcháin (e.g., fruiliú seomraí, doiciméid, sólaistí, taisteal).

## 1.8 Caiteachais toghcháin a íoctar as Cistí Poiblí

Ag eascairt as an mbreithiúnas in *Kelly v. An tAire Comhshaoil & Páirtithe Eile* [tagairt: 2002 4 I.R. 191], sa chás go n-úsáidtear maoin, seirbhísí nó saoráidí chun críocha toghcháin i rith thréimhse an toghcháin agus go n-íoctar na costais as cistí poiblí, ní mór cuntas a thabhairt ar a leithéid de chostais mar chaiteachais toghcháin ag a luach tráchtála iomlán.

Is faoin iarrthóir a bheidh sé, i gcomhairle le soláthraí na maoine, na seirbhísí nó na saoráidí, luach na húsáide chun críocha toghchánaíochta a chinneadh agus cuntas a thabhairt ar an méid seo i ráiteas caiteachas toghcháin an iarrthóra.

D'fhéadfaí a cheangal ar roinnt iarrthóirí sa toghchán ar ionadaithe poiblí iad cheana féin cumarsáid a dhéanamh lena vótálaithe sa toghlimistéar i rith thréimhse an toghcháin; b'fhéidir go mbeadh ar chomhaltaí údaráis áitiúil gnó toghlimistéir iarmharach a dhéanamh, mar shampla. Tá sé riachtanach, dá réir sin, sa chás go bhfuil costais á n-íoc ó chistí poiblí, idirdhealú a dhéanamh idir an úsáid atá á baint as maoin, seirbhísí (lena n-áirítear baill foirne) agus/nó saoráidí i ndáil le gnó toghlimistéir réasúnach a dhéanamh agus úsáid a bhaint as a leithéid d'ábhar chun críocha toghcháin. Más rud é, i rith thréimhse an toghcháin, go n-úsáidtear a leithéid d'ábhair chun aon chineál cumarsáide nár iarradh a dhéanamh le haon duine de na toghthóirí sa toghlimistéar, glacfar leis go bhfuil na hábhair úsáidte chun críocha toghcháin agus tabharfar cuntas ar na costais mar chaiteachas toghcháin ag a luach tráchtála iomlán.

Léirítear sna Treoirlínte seo sa chás go n-ardaítear fiosrúchán nua le hiarrthóir (i.e., fiosrúchán nár ardaíodh leis an iarrthóir roimh an toghchán) fad is atá sé nó sí ag canbhasáil agus go n-úsáidtear saoráidí a n-íoctar as a gcostais as cistí poiblí chun freagairt don fhiosrúchán, go nglacfar leis go mbeidh na saoráidí úsáidte chun críocha toghcháin.

Baineann sé seo freisin le hábhar nár iarradh eisithe ag na hionadaithe tofa, seachas an t-iarrthóir, sa chás go dtacaíonn an t-ábhar le hiarrthóir nó go gcuireann sé i gcoinne iarrthóra, nó go ndéanann sé iarracht ar shlí eile tionchar a imirt ar thoradh an toghcháin. D'áireofaí anseo, mar shampla, ábhar atá eisithe ag comhalta den Oireachtas chun tacú le hiarrthóir toghcháin áitiúil.

## 1.9 Caiteachas a bhaineann le Toghcháin Pharlaimint na hEorpa

Reáchtálfar toghcháin áitiúla 2024 i gcomhar le toghcháin Pharlaimint na hEorpa. Ní féidir le hiarrthóir toghcháin áitiúil iarrthóir nó páirtí polaitíochta a chur chun cinn ina (h)ábhar toghchánaíochta nó i bhfógra nuachtáin maidir le toghcháin Pharlaimint na hEorpa, ach amháin má fhaigheann an t-iarrthóir toghcháin áitiúil nó cibé duine (e.g. Stiúrthóir Toghchán) atá ag tabhú caiteachais thar ceann an iarrthóra atá i gceist údarú ó ghníomhaire toghcháin an iarrthóra Eorpaigh nó ó ghníomhaire náisiúnta an pháirtí polaitíochta.

Tá treoirlínte ar leithligh i ndáil le Toghcháin Pharlaimint na hEorpa 2024 eisithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, agus tá siad ar fáil ar a shuíomh gréasáin ag www.sipo.gov.ie.

I gcás go luann iarrthóir toghcháin áitiúil iarrthóir toghcháin Eorpaigh ina litríocht fógraíochta, measfar gurb ionann é seo agus iarrthóireacht iarrthóir an toghcháin Eorpaigh a chur chun cinn agus gur caiteachas é a tabhaíodh thar ceann an iarrthóra sin chomh maith. Ar an gcaoi chéanna, i gcás go luann iarrthóir toghcháin Eorpaigh iarrthóir toghcháin áitiúil ina litríocht fógraíochta, measfar gurb ionann é seo freisin agus caiteachas a tabhaíodh thar ceann iarrthóir an toghcháin áitiúil.

Iarrthóir toghcháin áitiúil, Stiúrthóir Toghchán, etc., a bhfuil sé beartaithe aige nó aici tagairt a chur san áireamh d'iarrthóir toghcháin Eorpaigh in ábhar poiblíochta, fógraíocht toghcháin áitiúil, etc., ní mór dó nó di a bheith údaraithe ag gníomhaire toghcháin iarrthóir an toghcháin Eorpaigh nó ag gníomhaire náisiúnta pháirtí polaitíochta iarrthóir an toghcháin Eorpaigh. Ar an gcuma chéanna, sa chás go bhfuil sé beartaithe ag an iarrthóir toghcháin Eorpaigh tacú le hiarrthóir toghcháin áitiúil i dtoghlimistéar áitiúil ina litríocht phromóisin, ba chóir go mbeadh sé seo údaraithe ag an iarrthóir toghcháin áitiúil ábhartha.

D'fhéadfaí glacadh leis go bhfuil duine a thabhaíonn caiteachas thar ceann iarrthóra toghcháin Eorpaigh ciontach i gcion mura bhfuil sé nó sí údaraithe chun é sin a dhéanamh.

I gcás go luaitear iarrthóir toghcháin Eorpaigh in ábhar toghchánaíochta áitiúla nó i bhfógraíocht le linn thréimhse an toghcháin, ba chóir go úsáidfí a mhinice is a luaitear é nó í mar bhonn chun an méid caiteachas a mheasfar gur tabhaíodh thar ceann iarrthóir an toghcháin Eorpaigh a ríomh. Más lú ná €126.97 an méid a mheastar a tabhaíodh agus más é an t-iarrthóir toghcháin áitiúil a d'íoc é, measfar gur mionchaiteachas é agus ba chóir don iarrthóir toghcháin Eorpaigh cuntas a thabhairt air mar mhionchaiteachas (féach, le do thoil, ar threoirlínte an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí le haghaidh Thoghcháin Pharlaimint na hEorpa 2024). Más mó an caiteachas ná €126.97 ní mór go dtabharfar cuntas air sa Ráiteas Caiteachas Toghcháin a thabharfaidh an gníomhaire toghcháin nó an gníomhaire náisiúnta a d'fhaomh an costas toghcháin don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

Ar an gcaoi chéanna, má dhéanann iarrthóir toghcháin Eorpaigh tagairt d'iarrthóir toghcháin áitiúil, úsáidfear a mhinice is a thagraítear dó nó di mar bhonn chun an méid caiteachais a mheasfar gur tabhaíodh thar ceann iarrthóir an toghcháin áitiúil a ríomh. Más lú luach an chaiteachais ná €126.97, agus má íocann an t-iarrthóir toghcháin Eorpaigh é, measfar gur mionchaiteachas é agus ba chóir don iarrthóir toghcháin áitiúil cuntas a thabhairt air mar mhionchaiteachas agus é nó í ag cur a ráitis caiteachas toghcháin faoi bhráid an údaráis áitiúil ábhartha.

## CUID 2 – CAITEACHAS TOGHCHÁIN A THABHAÍONN IARRTHÓIR

**2.1. Cé atá in ann caiteachais toghcháin a thabhú thar ceann iarrthóra i dtoghchán áitiúil?**

**Tá an t-iarrthóir freagrach as caiteachas a thabhaíonn sé nó sí** lena n-áirítear caiteachas ag aon duine atá údaraithe ag an iarrthóir chun caiteachas a thabhú thar a c(h)eann. Féach mír 2.3 thíos.

**2.2. An gá don iarrthóir gníomhaire toghcháin a cheapadh?**

Ní gá. Mar sin féin, is féidir le hiarrthóir gníomhaire toghcháin a cheapadh faoi alt 26 de na *Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla 1995* (I.R. Uimh. 297 de 1995).

**2.3. An féidir leis an ngníomhaire náisiúnta nó le duine ainmnithe an pháirtí polaitíochta (lena n-áirítear gníomhaire náisiúnta agus gníomhaire toghcháin i dtoghchán Eorpach) caiteachais a thabhú thar ceann iarrthóra i dtoghchán áitiúil?**

Is féidir, má údaraíonn an t-iarrthóir é. Ní mór caiteachas den chineál seo a thabhaítear **thar ceann an iarrthóra** a nochtadh i ráiteas caiteachas toghcháin an iarrthóra. Ba chóir dearbháin a chur ar fáil don iarrthóir as an gcaiteachas a thabhaítear.

Ba chóir caiteachas eile a thabhaíonn an gníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe a chur isteach i ráitis an ghníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe. Leagtar amach i mír 1.3 agus mír 1.4 ceanglais áirithe maidir le conas an caiteachas seo a thabhú agus na teorainneacha caithimh atá i bhfeidhm.

**2.4. An féidir le hiarrthóir caiteachas a thabhú thar ceann páirtí polaitíochta i dtoghchán áitiúil?**

Is féidir, má údaraíonn an gníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe é. Ba chóir caiteachas den chineál seo a chur isteach i ráiteas caiteachas toghcháin a dhéanann an gníomhaire náisiúnta nó an duine ainmnithe. Ba chóir dearbháin a chur ar fáil don ghníomhaire náisiúnta nó don duine ainmnithe as an gcaiteachas a thabhaítear. Féach freisin mír 1.9 a bhaineann leis na toghcháin Eorpacha.

**2.5. An féidir le hiarrthóir duine éigin eile a údarú chun caiteachas a thabhú thar a c(h)eann i dtoghchán áitiúil?**

Foráiltear le halt 6(5) den Acht gur féidir le hiarrthóir duine eile a údarú chun caiteachas a thabhú nó chun íocaíochtaí a dhéanamh thar a c(h)eann i dtaca le caiteachais toghcháin. Ní mór caiteachas den chineál sin a chur isteach i ráiteas caiteachas toghcháin an iarrthóra.

Foráiltear le halt 6 den Acht go meastar gur caiteachais a thabhaítear thar ceann an iarrthóra iad na caiteachais a thabhaíonn comhlacht a bhaineann leis an iarrthóir sin i dtoghchán áitiúil.

### 2.6. Conas a chaitear le caiteachas tabhaithe ag comhlacht thar ceann iarrthóra i dtoghchán áitiúil?

Foráiltear le halt 6(6) den Acht go measfar gur caiteachais a thabhaítear thar ceann iarrthóra iad na caiteachais a thabhaíonn comhlacht i dtoghchán áitiúil, ar chuntar: -

(a) gur bhunaigh an t-iarrthóir an comhlacht sin nó gur bunaíodh é thar a c(h)eann chun caiteachais toghcháin a thabhú nó chun íocaíochtaí a dhéanamh i leith caiteachais den chineál sin; nó

(b) go bhfuil an comhlacht á rialú le fírinne ag iarrthóir nó go bhfuil nó go ndealraíonn sé go bhfuil an comhlacht chomh bainteach nó chomh ceangailte le hiarrthóir go gcreidfeadh duine réasúnach go bhfuil an comhlacht faoi rialú nó faoi mhórthionchar an iarrthóra sin.

Chun críocha Alt 6(6) den Acht, measfar go bhfuil eagraíochtaí atá cleamhnaithe le páirtí polaitíochta, bainteach nó ceangailte leis an bpáirtí polaitíochta sin. Dá réir sin, measfar go bhfuil na heagraíochtaí seo bainteach nó ceangailte le hiarrthóir chun críocha costais a tabhaíodh thar ceann an iarrthóra sin i dtoghchán áitiúil agus ní mór don **iarrthóir cuntas a thabhairt ar na caiteachais a tabhaíodh**.

Measfar chun críocha alt 6(6) den Acht go bhfuil aon chomhlacht ad-hoc bainteach nó ceangailte le hiarrthóir, a bhunaítear le húdarú an iarrthóra sin chun é nó í a chur chun cinn i dtoghchán áitiúil, go díreach nó go neamhdhíreach, chun vótaí a shireadh ar son an iarrthóra sin, nó chun beartais nó beartas áirithe an iarrthóra nó tuairimí an iarrthóra a chur i láthair maidir le haon ábhar atá bainteach leis an toghchán áitiúil. Mura bhfuil údarú tugtha ag an iarrthóir, cuirtear alt 6(7) den Acht i bhfeidhm ar an gcomhlacht – féach mír 2.7 thíos.

Sampla de chomhlacht ad-hoc den chineál seo ná grúpa lucht gnó, ceardchumann, brúghrúpa nó cónaitheoirí i gceantar faoi leith a bheadh ag cur iarrthóir chun cinn trí phóstaeir agus fógraí, nó ábhar poiblíochta eile ar son an iarrthóra sin, a chrochadh le linn feachtas toghcháin áitiúil etc.

### 2.7 An féidir le daoine nach bhfuil aon bhaint acu le hiarrthóir caiteachais a thabhú thar ceann an iarrthóra sin i dtoghchán áitiúil?

Is féidir go dtarlóidh sé go bhféadfadh daoine, nach bhfuil aon bhaint nó ceangal follasach acu le hiarrthóir, caiteachais toghcháin a thabhú thar ceann an iarrthóra sin gan cead ón iarrthóir atá i gceist. I gcomhréir le halt 6(7) den Acht, ní mór d’aon duine nach iarrthóir é nó í nó nach duine é nó í atá údaraithe ag iarrthóir agus a bheartaíonn caiteachais a thabhú thar ceann an iarrthóra, na sonraí seo a leanas a chur ar fáil i scríbhinn don údarás áitiúil lena mbaineann: -

(i) ainm agus seoladh an duine a bhfuil rún aige nó aici na caiteachais a thabhú, agus cur síos ar an duine sin;

(iii) ráiteas maidir le cineál, cuspóir agus méid measta a leithéid de chaiteachais; agus

(iii) léargas ar bhaint an duine, más cuí, le haon pháirtí nó iarrthóir i dtoghchán áitiúil.

Ceanglaítear ar aon duine a thabhaíonn caiteachais toghcháin ar an mbonn seo ráiteas caiteachas toghcháin a chur ar fáil don údarás áitiúil. Is cion é faoi alt 21 den Acht mainneachtain an ráiteas seo a chur ar fáil.

### 2.8 Conas a chaitear le hearraí a chuirtear ar fáil don iarrthóir saor in aisce nó ar phraghas níos lú ná an praghas tráchtála?

Foráiltear le halt 6(2) den Acht, má sholáthraítear maoin, earraí nó seirbhísí d'iarrthóir i dtoghchán áitiúil gan íocaíocht ná aon chomaoin tráchtála eile ina leith, nó ar phraghas atá níos lú ná an praghas tráchtála, measfar gur caiteachas toghchán é na hearraí seo a chur ar fáil, agus gur cuireadh ar fáil iad ag an bpraghas tráchtála agus tabharfar cuntas ina leith dá réir.

Maidir le maoin, earraí nó seirbhísí a sholáthar agus maoin nó earraí a thabhairt ar iasacht, is é an sainmhíniú atá ar phraghas tráchtála in alt 2(1) den *Acht Toghcháin 1997* ná: -

(a) sa chás go leanann an duine a bhfuil an mhaoin nó na hearraí á soláthar nó á ligean ar iasacht aige nó aici nó a bhfuil an tseirbhís á soláthar aige nó aici, le gnó, go hiomlán nó i bpáirt, a bhaineann le soláthar nó tabhairt ar iasacht maoine nó earraí nó soláthar seirbhíse, an praghas nó an chomaoin is ísle gearrtha ag an duine don soláthar nó tabhairt ar iasacht i ngnáthchúrsa gnó a bhaineann le méid comhionann maoine nó earraí den chineál céanna nó chun seirbhís den chineál céanna a sholáthar agus go feadh an mhéid chéanna (lamháil chuí á déanamh le haghaidh aon lascaine a thugann an duine de ghnáth i ndáil le soláthar nó tabhairt ar iasacht maoine nó earraí den chineál céanna nó soláthar seirbhíse den chineál céanna) ag an am a céadluadh an soláthar nó tabhairt ar iasacht maoine nó earraí nó ag an am a céadluadh an soláthar seirbhíse; agus

(b) sa chás nach leanann duine a bhfuil an mhaoin nó na hearraí á soláthar nó á ligean ar iasacht aige nó aici nó a bhfuil an tseirbhís á soláthar aige nó aici, le gnó, go hiomlán nó i bpáirt, a bhaineann le soláthar nó tabhairt ar iasacht maoine nó earraí nó soláthar seirbhíse, an praghas nó an chomaoin is ísle gearrtha lenar féidir méid comhionann maoine nó earraí den chineál céanna a cheannach nó a thógáil ar iasacht nó seirbhís den chineál céanna agus ar feadh an mhéid chéanna is féidir a fháil i ngnáthchúrsa gnó (lamháil chuí á déanamh le haghaidh aon lascaine a thugann an duine de ghnáth i ndáil le soláthar nó tabhairt ar iasacht maoine nó earraí den chineál céanna nó soláthar seirbhíse den chineál céanna) ag an am a céadluadh an soláthar nó tabhairt ar iasacht maoine nó earraí nó ag an am a céadluadh an soláthar seirbhíse ó dhuine a sholáthraíonn a leithéid sin de ghnó.

**2.9 An bhfuil gá le fianaise ar chaiteachais tabhaithe thar ceann iarrthóra?**

Ní fhoráiltear leis an Acht go gcuirfear dearbháin chaiteachais isteach in éineacht leis an ráiteas caiteachas. Mar sin féin, ba chóir na dearbháin sin a choinneáil chun cabhrú leis an ráiteas a dhéanamh. Sonraítear in Alt 13(3) go bhfuil sé de dhualgas ar gach duine a bhfuil ráiteas le cur ar fáil aige nó aici cibé taifid is gá a choimeád chun an ráiteas a chur ar fáil agus dearbhú reachtúil a dhéanamh. Tá sé de chumhacht ag údarás áitiúil fiosruithe a dhéanamh chun críocha a dhualgas faoin Alt agus is féidir go n-iarrfaidh sé na dearbháin chaiteachais a fheiceáil.

**2.10 Cé atá in ann fógráin agus fógraí a chur ar fáil atá ag tacú le hiarrthóir nó atá ag cur i gcoinne iarrthóra i dtoghchán áitiúil?**

Foráiltear le hAlt 6(9) den Acht nach ceadmhach aon fhógrán nó fógra i dtaca le toghchán áitiúil, lena airbheartaítear leasanna iarrthóra i dtoghchán áitiúil a chur chun cinn, nó cur ina gcoinne, go díreach nó go neamhdhíreach, a fhoilsiú i nuachtán, in iris nó i bhfoilseachán tréimhsiúil eile ach amháin ar iarratas iarrthóra i dtoghchán nó an duine atá údaraithe ag an iarrthóir i scríbhinn, lena n-áirítear gníomhaire toghcháin nó gníomhaire náisiúnta i dtoghchán Eorpach, nó gur chuir an duine in iúl don údarás áitiúil go bhfuil sé i gceist aige nó aici caiteachas a thabhú agus go gcuireann sé nó sí ar fáil d'fhoilsitheoir an nuachtáin, na hirise nó an fhoilseacháin thréimhsiúil eile deimhniú ó údarás áitiúil gur chomhlíon an duine Alt 6(7) den Acht.

Ní fhorléireofar an teorainn sin chun na nithe seo a leanas a chosc nó a shrianadh: -

(a) foilsiú dleathach aon ní a bhaineann le toghchán áitiúil i nuachtán nó i bhfoilseachán eile;

(b) a leithéid d'ábhar a bheith á chraoladh ar an raidió nó teilifís; nó

(c) tuairim duine éigin a chur in iúl go dleathach maidir le haon ní ar díol spéise poiblí é.

**2.11 Conas a chaitear le conarthaí a dhéanann iarrthóir, nó a dhéantar thar ceann iarrthóra?**

Ceanglaítear le hAlt 10 den Acht gurb é an t-iarrthóir féin a chaithfidh na conarthaí a dhéanamh (conradh fostaíochta san áireamh agus más i scríbhinn atá sé nó ar shlí eile) ina dtabhaíonn an t-iarrthóir caiteachais de bhreis ar €634.87 ó thaobh luacha de, nó ina dtabhaítear caiteachas de bhreis ar an méid sin thar a c(h)eann i dtoghchán áitiúil. Ní bheidh conarthaí den chineál sin inchurtha i bhfeidhm i gcoinne an iarrthóra mura ndéantar ar an tslí seo iad.

**2.12 Cén tréimhse atá sonraithe chun éilimh a dhéanamh in aghaidh iarrthóra maidir le caiteachais toghcháin?**

De réir alt 11 den Acht, ní mór gach éileamh a bhaineann le caiteachais toghcháin i gcoinne iarrthóra a sholáthar don iarrthóir ar, nó roimh, an gcúigiú lá is daichead ón lá vótála i dtoghchán áitiúil. Mura soláthraítear éileamh a bhaineann le caiteachais toghcháin laistigh den tréimhse cúig lá is daichead sin, ní íocfar é agus ní bheidh sé inchurtha i bhfeidhm i gcoinne an iarrthóra.

Moltar gur chóir d’iarrthóirí, nó daoine atá údaraithe acu, an tréimhse éilimh cúig lá is daichead a chur in iúl dá soláthraithe etc., agus iad ag cur orduithe ar sholáthar maoine, earraí nó seirbhísí a úsáidfear i dtoghchán.

### 2.13 Conas a chaitear le héilimh dhíospóidte a bhaineann le caiteachais toghcháin?

Foráiltear le hAlt 12 den Acht, i gcás go ndíospóideann iarrthóir aon éileamh a sholáthraítear dó nó di laistigh den tréimhse cúig lá is daichead chun éilimh a dhéanamh, gur féidir leis an duine a rinne an t-éileamh iarraidh ar chúirt dlínse inniúla ordú chun éileamh a íoc a dhéanamh agus féadfaidh an chúirt, i gcás go bhfuiltear sásta gur chóir an t-éileamh a íoc, ordú íocaíochta a dhéanamh agus an méid atá iníoctha a shonrú. Ní mór méid na híocaíochta díospóidte a chur san áireamh sa ráiteas síntiúis/caiteachas toghcháin.

Má dhéanann an chúirt ordú chun éileamh a íoc i dtaca le caiteachas toghcháin i ndiaidh ráiteas caiteachas toghcháin a chur ar fáil don údarás áitiúil, ní mór don iarrthóir cóip den ordú cúirte a chur ar fáil don údarás, in éineacht le ráiteas faoin tsuim atá iníoctha faoin ordú, tráth nach déanaí ná seacht lá i ndiaidh dháta an ordaithe. Cuirfear na páipéir seo faoi iamh leis an ráiteas a chuirtear ar fáil don údarás áitiúil.

## CUID 3 – SÍNTIÚIS

### 3.1 An bhfuil na ceanglais síntiús a bhaineann le hiarrthóirí a n-éiríonn leo agus nach n-éiríonn leo mar an gcéanna?

Níl. Bíonn iarrthóir a n-éiríonn leis nó léi faoi réir córas bliantúil nochta síntiús de bhua a bheith ina c(h)omhalta tofa. I ndiaidh toghchán áitiúil, ní cheanglaítear ar iarrthóir ar éirigh leis nó léi ach tuairisceán caiteachais a dhéanamh. Tá cáipéisíocht treorach ar leithligh ar fáil ón gcomhairle i dtaca leis na ceanglais nochta síntiús bhliantúla do chomhairleoirí.

Ceanglaítear ar iarrthóir nach n-éiríonn leis nó léi, in éineacht leis an tuairisceán caiteachais agus dearbhú reachtúil, tuairisceán a dhéanamh ar aon síntiús (más síntiús aonair nó comhiomlán síntiús) de bhreis ar €600 a fuarthas. Ní mór sonraí na gcuntas síntiús polaitíochta a chur isteach in éineacht leis na tuairisceáin seo – féach 3.8 thíos.

### 3.2 Céard é síntiús?

Is ionann "síntiús" agus aon ranníocaíocht a thugann aon duine chun críocha polaitíochta (is cuma más comhalta de pháirtí polaitíochta an duine sin nó nach ea) d'iarrthóir i dtoghchán áitiúil nó do chomhalta údaráis áitiúil, páirtí polaitíochta nó tríú páirtí i dtaca le toghchán, pobalbhreith nó feachtas a ghlacann iarrthóir ina iomláine nó go páirteach nó a nglactar leis go cuí thar ceann an iarrthóra sin. Ní mór síntiúis ar mó iad ná €600 a nochtadh sa ráiteas atá le déanamh ag iarrthóirí nach n-éiríonn leo.

Séard is "duine" ann ná pearsa aonair, comhlacht corpraithe agus comhlacht neamhchorpraithe daoine. Meastar gur duine amháin é comhlacht corpraithe agus aon fhochuideachta dá chuid.

### 3.3 Céard atá san áireamh i síntiús?

Áirítear le tabhartas gach ceann nó aon cheann de na rudaí seo a leanas: -

(i) aon síntiús airgid;

(ii) aon síntiús maoine nó earraí;

(iii) aon cheart a bhronntar chun maoin nó earraí a úsáid, gan íocaíocht ná comaoin eile, ar feadh tréimhse éiginnte nó tréimhse shonraithe ama

(iv) aon soláthar seirbhísí gan íocaíocht ná aon chomaoin eile ina leith;

(v) aon difríocht idir an praghas tráchtála agus an praghas a mhuirearaítear ar cheannach, ar fháil nó ar úsáid maoine nó earraí nó ar sholáthar aon seirbhíse i gcás inar lú an praghas, an táille nó an chomaoin eile ná an praghas tráchtála; nó

(vi) i gcás ranníocaíochta a dhéanann duine i ndáil le hócáid a eagraíodh chun críocha cistí a bhailiú d'iarrthóir i dtoghchán áitiúil, an chionmhaireacht, <u>is inchurtha i leith an ranníocaíochta</u>, den ghlanbhrabús a dhéantar as an ócáid.

### 3.4 Cad <u>nach</u> meastar gur síntiús é?

Ní síntiúis iad na rudaí seo a leanas: -

(i) míreanna caiteachais [(a) go (h)] a liostaítear i mír 1.7 ar leathanach 13; nó

(ii) aon chaiteachas toghcháin a thabhaíonn gníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe thar ceann páirtí polaitíochta nó thar ceann iarrthóir atá údaraithe ag an bpáirtí polaitíochta i dtoghcháin, ach amháin síntiús airgid.

### 3.5 Síntiúis níos mó ná €600 a nochtadh

Ceanglófar ar iarrthóirí nach n-éiríonn leo gach síntiús de bhreis ar €600 a fhaightear sa toghchán a nochtadh sa ráiteas síntiús/caiteachas toghcháin atá le cur ar fáil laistigh de 90 lá i ndiaidh an toghcháin. Ní mór síntiúis ón duine céanna sa toghchán céanna a chur le chéile agus a nochtadh más mó a n-iomlán agus €600.

### 3.6 Síntiúis thoirmiscthe

Tá cosc ar **shíntiús gan ainm** a ghlacadh más mó ná €100 é ó thaobh luacha de. Is síntiús gan ainm é síntiús mura bhfuil ainm agus seoladh an deontóra ar eolas ag iarrthóir.

Tá cosc ar iarrthóirí freisin síntiús nó síntiúis a ghlacadh ón duine céanna sa bhliain féilire céanna más mó a luach ná **€1,000.** Ní bhaineann an teorainn seo le hoifig toghcheantair a sholáthar do dhuine aonair.

Ní ceadmhach d'iarrthóir aon síntiús a ghlacadh ó dhuine aonair (seachas saoránach Éireannach) a chónaíonn i dtír éigin eile nó ó chuideachta nach bhfuil oifig ar oileán na hÉireann aici óna dtreoraítear seoladh ceann amháin nó níos mó dá príomhghníomhaíochtaí. **Síntiúis eachtracha** a thugtar orthu seo.

Sa bhreis air sin, tá cosc ar iarrthóir síntiús airgid thirim ar mó a mhéid ná €200 a ghlacadh.

### 3.7 Síntiúis chorparáideacha

Ní féidir glacadh le síntiúis tugtha ag deontóir corparáideach do chomhalta d'údarás áitiúil, iarrthóir toghcháin áitiúil, páirtí polaitíochta nó tríú páirtí má sháraíonn siad **<u>€200</u>**, mura bhfuil an deontóir corparáideach cláraithe leis an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

I gcás síntiús os cionn **<u>€200</u>** ó dheontóir corparáideach cláraithe, ní mór ráiteas a chur leis ina ndeirtear gur fhaomh comhaltaí, scairshealbhóirí nó iontaobhaithe an chomhlachta a thug an síntiús, an síntiús a thabhairt. Soláthraíonn an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí an fhoirm ar mhaithe leis an ráiteas seo a thabhairt. Ní mór dearbhú reachtúil ón deontóir a chur ar fáil leis an ráiteas.

Cuirtear síntiúis ón deontóir corparáideach céanna d'fhaighteoir áirithe thar an mbliain féilire le chéile. Mura bhfuil an deontóir corparáideach cláraithe agus mura bhfaomhtar an síntiús, níor chóir, mar sin, glacadh le níos mó ná **€200** ón deontóir corparáideach céanna sa bhliain chéanna.

An sainmhíniú ar 'deontóir corparáideach'
Foráiltear le halt 19A den Acht don mhéid seo a leanas: -

*"go gciallaíonn 'deontóir corparáideach'—*

*(j) comhlacht corpraithe*

*(ii) comhlacht neamhchorpraithe daoine, nó*

*(iii) iontaobhas,*

*a dhéanann síntiús, agus chun críocha an tsainmhínithe seo measfar gur duine amháin é comhlacht corpraithe agus aon fhochuideachta dá chuid".*

Comhlachtaí clúdaithe sa sainmhíniú
Cuimsítear sa sainmhíniú seo gach comhlacht corpraithe agus comhlacht neamhchorpraithe, lena n-áirítear comhlachtaí, ceardchumainn, iontaobhais, comhpháirtíochtaí, cumainn, comhlachais, clubanna agus eagraíochtaí neamhrialtasacha.

Baineann an sainmhíniú seo le gach comhlacht seachas daoine nádúrtha. Ní áirítear trádálaithe aonair leis an sainmhíniú seo.

### 3.8 Céard ba chóir d'iarrthóir a dhéanamh má fhaigheann sé nó sí síntiús toirmiscthe?

Má fhaigheann iarrthóir síntiús toirmiscthe, mar a thuairiscítear i mír 3.6 agus mír 3.7 thuas, ní mór dóibh an méid seo a leanas a dhéanamh: -

(a) Síntiús a fhaightear agus atá toirmiscthe de bhrí gur síntiús anaithnid atá ann, ní mór don iarrthóir é a fhógairt agus a thabhairt ar ais don údarás áitiúil laistigh de 14 lá. Ní mheasfar síntiúis a thugtar trí sheirbhísí tiomsaithe airgid ar líne a bheith anaithnid i gcás ina bhfuil ainm agus seoladh an deontóra ar eolas ag an iarrthóir;

(b) Maidir le síntiús, síntiús airgid thirim agus síntiús corparáideach a fhaightear agus atá toirmiscthe de bhrí go sáraíonn a luach an teorainn, ní mór don iarrthóir, laistigh de 14 lá, an síntiús nó an chuid sin de shíntiús airgid atá os cionn na teorann a thabhairt ar ais don deontóir agus taifead i scríbhinn a choinneáil den tuairisceán sin chun é a chur ar fáil don údarás áitiúil, más gá. Nó, féadfaidh an t-iarrthóir an síntiús nó an chuid sin den síntiús atá os cionn na teorann a thabhairt ar ais don údarás áitiúil;

(c) Ar an gcuma chéanna, ní mór don iarrthóir eolas maidir le síntiús a fhaightear agus atá toirmiscthe de bhrí gur síntiús eachtrach atá ann a chur ar fáil don údarás áitiúil laistigh de 14 lá agus ní mór é a aisíoc leis an údarás. Mar mhalairt air sin, féadfaidh an t-iarrthóir an síntiús a thabhairt ar ais don deontóir agus taifead i scríbhinn a choimeád den tuairisceán sin chun é a chur ar fáil don údarás, más gá.

Is cion é mainneachtain síntiús toirmiscthe a fhógairt, a aisíoc nó a thabhairt ar ais, más iomchuí.

## 3.9 Cuntais Síntiús Polaitíochta

Ní mór d'iarrthóir***** i dtoghchán áitiúil a fhaigheann, in aon bhliain ar leith, síntiús airgid de bhreis ar €100, cuntas a oscailt in institiúid airgeadais sa Stát agus an síntiús sin agus aon síntiús eile a fhaightear a chur i dtaisce sa chuntas sin. Mura n-éiríonn leis an iarrthóir sin sa toghchán, ní mór dó nó di, in éineacht leis an ráiteas síntiús/caiteachas toghcháin (féach Cuid 4 den doiciméad seo) a chuirtear ar ais chuig an údarás áitiúil, ráiteas a chur isteach ón institiúid ina sonraítear na hidirbhearta a rinneadh i dtaca leis an gcuntas le linn na tréimhse ón gcéad lá ar osclaíodh an cuntas go dtí an lá vótála **mar aon le** deimhniú ina luaitear gur taisceadh gach síntiús a fuarthas sa chuntas agus gur úsáideadh an t-airgead a cuireadh chun dochar an chuntais sin chun críocha polaitíochta. Tá cóip den deimhniú agus den fhoirm dearbhaithe reachtúil ceangailte in Aguisín 2.

Ní cheanglaítear ar iarrthóirí a n-éiríonn leo aon ráiteas a dhéanamh i dtaca le síntiúis nó cuntais síntiús polaitíochta, maidir leis an toghchán, ach ceanglaítear orthu ráiteas bliantúil a dhéanamh roimh an 31 Eanáir gach bliain; tá doiciméid treorach ar leith ar fáil ón údarás áitiúil.

***** Foráiltear san Acht go gciallaíonn iarrthóir duine a dhearbhaíonn sé nó sí féin nó daoine eile gur iarrthóir é nó í sa toghchán, ar dháta nó roimh dháta an ordaithe lena gceaptar an lá vótála.

## 3.10 Síntiúis ó Idirghabhálaithe

Is éard is idirghabhálaí ann ná *"duine a dhéanann síntiús thar ceann duine eile"*. Ní mór d'idirghabhálaí a chur in iúl don fhaighteoir i scríbhinn go bhfuil an síntiús á dhéanamh thar ceann duine eile agus ainm, cur síos agus seoladh poist an duine a bhfuil sé nó sí ag déanamh an tsíntiúis thar a c(h)eann a chur ar fáil. Is cion é d'idirghabhálaí mainneachtain an fhaisnéis seo a chur ar fáil. Tá an fhoráil seo le fáil in alt 19BC den Acht.

## CUID 4 – RÁITEAS SÍNTIÚS AGUS CAITEACHAS TOGHCHÁIN AGUS DEARBHÚ REACHTÚIL

### 4.1 Céard é ráiteas síntiús/caiteachas toghcháin?

Ceanglaítear le halt 13 den acht go gcaithfidh iarrthóir ráiteas scríofa de gach caiteachas toghcháin* (cibé acu íoctha nó nach bhfuil) a tabhaíodh i dtaca le toghchán áitiúil a chur ar fáil go pearsanta d'údarás áitiúil laistigh de 90 lá ón lá vótála sa toghchán sin (i.e. ar nó roimh mhí 5 Mheán Fómhair 2024). Ní mór d'iarrthóir nach n-éiríonn leis nó léi sonraí a chur ar fáil maidir le gach síntiús os cionn €600 a fuarthas chun íoc as na costais toghcháin.

Foráiltear san Acht go gcaithfear dearbhú reachtúil atá le déanamh ag an iarrthóir a chur isteach in éineacht leis an ráiteas caiteachas toghcháin. Tá cóip den ráiteas caiteachas toghcháin agus den fhoirm dearbhaithe reachtúil, atá le líonadh ag iarrthóirí, faoi iamh in Aguisín 1.

Ceanglaítear le halt 19D(2) den Acht ar iarrthóir i dtoghchán áitiúil a fhaigheann, i mbliain ar leith, síntiús airgid de bhreis ar €100 cuntas a oscailt in institiúid airgeadais sa Stát agus an síntiús sin agus aon síntiús airgid eile a fhaigheann sé nó sí a thaisceadh sa chuntas sin. Mura n-éiríonn leis an iarrthóir sin sa toghchán, ní mór dó nó di, in éineacht leis an ráiteas síntiús/caiteachas toghcháin a chuirtear ar ais chuig an údarás áitiúil, ráiteas a chur isteach ón institiúid ina sonraítear na hidirbhearta a rinneadh i dtaca leis an gcuntas le linn na tréimhse ónar ordaíodh an lá vótála go dtí an lá vótála **mar aon le** deimhniú ina luaitear gur taisceadh gach síntiús a fuarthas sa chuntas agus gur úsáideadh an t-airgead a cuireadh chun dochair an chuntais sin chun críocha polaitíochta. Tá cóip den deimhniú agus den fhoirm dearbhaithe reachtúil atá le comhlánú ag iarrthóirí nach n-éiríonn leo faoi iamh in Aguisín 2.

***** Ní mór caiteachais a thabhaíonn daoine atá údaraithe chun caiteachais a thabhú thar ceann an iarrthóra (de réir mhír 2.5) a chur isteach i ráiteas caiteachas na n-iarrthóirí go léir. Ar an gcaoi chéanna, ní mór aon chaiteachas a thabhaíonn eagraíocht (fochuideachta páirtí polaitíochta nó eile) atá bainteach le hiarrthóir a chur isteach i ráitis na n-iarrthóirí go léir (mír 2.6).

### 4.2 Céard é dearbhú reachtúil?

I ndearbhú reachtúil, dearbhaíonn an t-iarrthóir, chomh fada agus is eol dó nó di agus mar a chreideann sé nó sí, go bhfuil an ráiteas ceart ó thaobh ábhair de agus go bhfuil gach beart réasúnach déanta aige nó aici chun bheith sásta go bhfuil an ráiteas cruinn. Ní mór don dearbhú a bheith fianaithe ag Coimisinéir Mionnaí, Nótaire Poiblí, Feidhmeannach Síochána nó Aturnae Cleachtach.

### 4.3 Cén áit ar chóir ráiteas síntiús/caiteachas toghcháin/cuntais síntiús polaitíochta agus dearbhú reachtúil a sholáthar?

Ba chóir iad a chur ar fáil go pearsanta don údarás áitiúil a raibh an t-iarrthóir ag iarraidh go dtoghfaí é nó í air.

### 4.4 An gá d'iarrthóirí taifid chaiteachais a choimeád?

Éilítear le halt 13(3) den Acht go bhfuil sé de dhualgas ar gach iarrthóir a chuireann ráiteas síntiús/caiteachas toghcháin ar fáil agus a dhéanann dearbhú reachtúil cibé fiosruithe a dhéanamh agus cibé taifid a choinneáil a bhfuil gá leo chun an ráiteas agus an dearbhú reachtúil a chur ar fáil. Tá sé de chumhacht ag údarás áitiúil cibé fiosruithe is iomchuí a dhéanamh agus d'fhéadfadh sé a cheangal ar aon duine aon fhaisnéis, doiciméad nó rud atá i seilbh nó ar fáil ag an duine, a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón údarás áitiúil chun críocha a dhualgas faoin Acht, a chur ar fáil. Áirítear leis seo doiciméid a bhaineann le síntiúis, ráitis caiteachas toghcháin etc.

### 4.5 Céard a dhéanann an t-údarás áitiúil leis na ráitis síntiús/caiteachas toghcháin agus dearbhuithe reachtúla a thugtar dó?

Foráiltear le halt 14 den Acht nach mór don údarás cóip de gach ráiteas síntiús/caiteachas toghcháin agus dearbhú reachtúil a thabhairt do gach comhalta den údarás áitiúil. Beidh gach ráiteas agus dearbhú ar fáil lena n-iniúchadh ag an bpobal agus lena gcóipeáil ag oifigí an údaráis áitiúil.

Más rud é go bhfuil earráid nó easnamh beag i ráiteas síntiús/caiteachas toghcháin, foráiltear le h-alt 18 den Acht go gcuirfidh an t-údarás sonraí na hearráide nó an easnaimh ar fáil don iarrthóir a thug an ráiteas. Beidh ceithre lá dhéag ag an iarrthóir chun an earráid nó an t-easnamh a chur ina cheart. Nuair a bheidh an ráiteas síntiús/caiteachas toghcháin ceartaithe nó slánaithe, tabharfaidh an t-údarás áitiúil cóip den ráiteas leasaithe do gach comhalta den údarás áitiúil agus cuirfear é ar fáil lena iniúchadh.

Foráiltear le hAlt 19 den Acht go gcuireann údaráis áitiúla sonraí comhiomlána an chaiteachais toghcháin i ndáil le gach iarrthóir chomh maith le sonraí faoi shíntiúis a fuarthas san áireamh ina dtuarascálacha bliantúla. Cuirfear an fhaisnéis seo ar fáil i dtuarascáil bhliantúil an údaráis áitiúil don bhliain 2024, nuair a fhoilseofar í.

Coinníonn an t-údarás áitiúil ráitis cuntais síntiús polaitíochta agus dearbhuithe agus ní nochtar a bhfuil iontu ach amháin má ordaíonn na Cúirteanna amhlaidh nó má éilítear nochtadh de bhun imscrúdú atá ar bun ag an údarás áitiúil.

### 4.6 Céard a tharlaíonn má fhaigheann iarrthóir bás sula dtaisctear ráiteas síntiús/caiteachas toghcháin?

Foráiltear le halt 13(4) den Acht, má fhaigheann iarrthóir bás ag uair ar bith le linn an toghcháin, i ndiaidh go ndúntar an vótáil san áireamh agus roimh ráiteas síntiús/caiteachas toghcháin a chur ar fáil don údarás áitiúil, nach gá ráiteas den chineál sin a thabhairt.

## CUID 5 – DÍCHÁILITHE AGUS PIONÓIS

### 5.1 Céard a tharlaíonn má sháraíonn iarrthóir na teorainneacha caithimh i dtoghchán áitiúil?

Faoi alt 21(3A) den Acht, beidh iarrthóir i dtoghchán áitiúil ciontach i gcion má thabhaíonn sé nó sí go díreach, nó trí dhuine ar bith eile, caiteachais toghcháin de bhreis ar an teorainn chaithimh ábhartha.

Foráiltear le hAlt 21(5)(a)(ii) do phionóis as na teorainneacha caithimh a shárú. Dlífear fíneáil suas le €25,000 nó téarma príosúnachta suas le 3 bliana nó an dá rud a chur ar aon duine a sháraíonn na teorainneacha caithimh, ar é nó í a chiontú ar díotáil.

Foráiltear le hAlt 20(5) den Acht d’iarrthóir a sháraíonn na teorainneacha caiteachas a dhícháiliú ó chomhaltas an údaráis. Tá sé seo sa bhreis ar aon phionós a d’fhéadfadh cúirt a ghearradh. Beidh feidhm ag an dícháiliú i gcás den sórt seo ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige chomhaltaí an údaráis.

### 5.2 Céard a tharlaíonn má chuireann iarrthóir dearbhú bréagach nó míthreorach isteach?

Foráiltear le fo-alt (4) d’alt 20 den Acht, i gcás ina gcuireann iarrthóir nach n-éiríonn leis nó léi nó comhalta tofa údaráis áitiúil ráiteas caiteachas toghcháin ar fáil don údarás lena mbaineann, faoi alt 13 den Acht, is eol don duine sin a bheith bréagach nó míthreorach ó thaobh ábhair de, féadfaidh an t-údarás lena mbaineann imeachtaí achoimre a thionscnamh i gcoinne an duine sin as dearbhú bréagach nó míthreorach a dhéanamh faoin *Acht i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938*.

Foráiltear le fo-alt (5) d’alt 20, má chiontaítear duine i gcion i ndiaidh imeachtaí arna dtionscnamh faoi fho-alt (4), sa bhreis ar aon phionós a ghearrann an chúirt, go mbeidh an duine dícháilithe óna bheith ina c(h)omhalta ar aon údarás áitiúil agus beidh feidhm agus éifeacht ag an dícháiliú ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige chomhaltaí an údaráis áitiúil lena mbaineann.

### 5.3 Cad a tharlaíonn do chomhalta tofa nach gcuireann ráiteas caiteachas toghcháin agus dearbhú reachtúil ar fáil laistigh de 90 lá ón lá vótála?

Forálann fo-alt (2) d’alt 20 den Acht, i gcás ina mainníonn comhalta tofa ráiteas caiteachas toghcháin agus dearbhú reachtúil a chur ar fáil d’údarás áitiúil laistigh de 90 lá ón lá vótála, go gcuirfear é nó í ar fionraí ó chomhaltas an údaráis áitiúil ar feadh seacht lá nó tréimhse níos lú go dtí go gcuirfear ráiteas agus dearbhú reachtúil ar fáil. Mura gcuirtear an ráiteas agus an dearbhú reachtúil ar fáil laistigh den tréimhse seacht lá sin, beidh an comhalta tofa dícháilithe óna bheith ina c(h)omhalta ar aon údarás áitiúil, comhthoghadh san áireamh, go dtí na chéad toghcháin áitiúla eile. Cuirfear ainm an chomhalta thofa i bhfógra a fhoilseoidh an t-údarás áitiúil sna nuachtáin áitiúla.

Má chuireann comhalta tofa ráiteas nó dearbhú reachtúil ar fáil is eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach ó thaobh ábhair de, is féidir leis an údarás áitiúil an comhalta a ionchúiseamh faoin *Acht i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938*. Má chiontaítear é nó í beidh feidhm leis an dícháiliú a dtagraítear dó i mír 5.2.

Má bhaineann cion le mainneachtain ráiteas caiteachas toghcháin a chur ar fáil don údarás áitiúil, forálann alt 21(5)(b) den Acht go mbeidh an duine lena mbaineann ciontach i gcion breise gach lá a leantar leis an mainneachtain i ndiaidh a leithéid de chiontú. In aghaidh gach ciona den sórt sin, bíonn an duine sin faoi dhliteanas, ar chiontú achomair, d'fhíneáil nach sáraíonn €126.97. Chomh maith leis, baineann an fhoráil seo le ciontú a bhaineann le mainneachtain deimhniú nó ráiteas a chur ar fáil i ndáil le cuntas síntiús polaitíochta.

### 5.4 Céard iad na cionta agus pionóis a bhaineann le cuntais síntiús polaitíochta?

Foráiltear le hAlt 21 (4A) den Acht, má mhainníonn duine ráiteas institiúide nó dearbhú a chur ar fáil, go mbeidh siad ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €1,904.61 a chur air nó uirthi. Dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €25,000 nó téarma príosúnachta nó príosúnacht ar feadh tréimhse nach faide ná trí bliana, nó iad araon, a chur ar dhuine a chuireann ráiteas bréagach nó míthreorach ar fáil.

### 5.5 Céard iad na cionta agus pionóis a bhaineann le síntiúis thoirmiscthe?

Foráiltear le hAlt 21(4B) den Acht, má mhainníonn iarrthóir a chur in iúl don údarás áitiúil go bhfuarthas síntiús toirmiscthe, nó má mhainníonn sé nó sí an síntiús nó cuid den síntiús a chur ar aghaidh chuig an údarás nó an deontóir, go mbeidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar í nó é a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €1,904.61 a chur air nó uirthi.

### 5.6. Céard iad na cionta a bhaineann le foilsitheoir nuachtáin, irise nó foilseacháin thréimhsiúil eile?

Foráiltear le hAlt 21(4) den Acht go bhfuil foilsitheoir nuachtáin, irise nó foilseacháin thréimhsiúil eile ciontach i gcion má fhoilsíonn sé nó sí fógrán nó fógra i dtaca le toghchán áitiúil, a airbheartaíonn leasanna páirtí polaitíochta nó iarrthóir i dtoghcháin a chur chun cinn nó cur ina gcoinne, ar iarratas ó aon duine seachas gníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe an pháirtí polaitíochta nó an iarrthóra, duine údaraithe i scríbhinn ag an ngníomhaire sin, nó duine nó iarrthóir sa toghchán, ach amháin má chuireann an duine a d'iarr an fógrán nó an fógra a fhoilsiú deimhniú ón údarás áitiúil ar fáil don fhoilsitheoir.

# Aguisín 1

## Ráiteas Síntiús agus Caiteachas Toghcháin

**RÁITEAS SÍNTIÚS AGUS CAITEACHAS TOGHCHÁIN SNA TOGHCHÁIN ÁITIÚLA AR (cuir isteach an dáta)**

**I gCOMHRÉIR LE hALT 13 DEN ACHT UM THOGHCHÁIN ÁITIÚLA (SÍNTIÚIS AGUS CAITEACHAS A NOCHTADH) 1999**

| **RÁITEAS ÓN IARRTHÓIR** |
|---|

**1. Ainm an Iarrthóra**

**____________________________ Páirtí Polaitíochta (más ann dó) _______________**

**2. Seoladh**

________________________________________________________________________

**3. Sonraí Teagmhála (teileafón/facs/ríomhphost)**

________________________________________________________________________

**4. Údarás áitiúil agus toghlimistéar áitiúil**

**Údarás áitiúil** __________________________________________________________

**Toghlimistéar áitiúil** ___________________________________________________

**5. Sannadh teorann caithimh ó iarrthóir chuig gníomhaire náisiúnta páirtí polaitíochta (baineann an chuid seo le <u>hiarrthóirí páirtithe polaitíochta amháin</u>)**

**I gcás iarrthóir páirtí polaitíochta, ceadaítear le halt 12A(1)(c)(i) den Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachais a Nochtadh) 1999 do ghníomhaire náisiúnta an pháirtí polaitíochta deich faoin gcéad de na caiteachais toghcháin atá an t-iarrthóir sin i dteideal a thabhú, nó céatadán malartach den mhéid a d’fhéadfaí a aontú i scríbhinn idir an t-iarrthóir agus gníomhaire náisiúnta an pháirtí polaitíochta, a thabhú.**

**(a) An ndearnadh comhaontú scríofa idir an t-iarrthóir agus an gníomhaire náisiúnta go bhféadfadh an gníomhaire náisiúnta céatadán malartach (seachas 10%) de chaiteachais toghcháin an iarrthóra a thabhú? (Rinneadh / Ní dhearnadh)**

____________________________

(b) **I gcás go ndearnadh comhaontú scríofa, luaigh sonraí an chéatadáin mhalartaigh agus an mhéid a comhaontaíodh i scríbhinn idir an t-iarrthóir agus an gníomhaire náisiúnta**

**%________________________________ €_______________________________**

**Tabhair faoi deara: Más ábhartha, ba chóir cóip den chomhaontú i scríbhinn a rinneadh idir iarrthóir agus an gníomhaire náisiúnta a choinneáil ar fhaitíos go mbíonn sí ag teastáil ón údarás áitiúil é.**

## 6. Caiteachas

| **Míreanna Caiteachais** | **Costas €** |
|---|---|
| **(a) Fógraíocht (is cuma cad é an meán a úsáideadh).** San áireamh i gcaiteachais a bhaineann lena leithéid d'fhógraíocht tá táillí gníomhaireachta, costais dearaidh agus costais eile a tabhaíodh maidir le hullmhú, táirgeadh, dáileadh nó a leithéid d'fhógraíocht a dháileadh ar shlí eile. | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| **Fo-iomlán Fógraíochta:** | |
| **(b) Poiblíocht.** San áireamh i gcaiteachais a bhaineann lena leithéid tá caiteachais a tabhaíodh maidir le craoltaí páirtí polaitíochta, aon seirbhís nó saoráid a sholáthar a bhaineann le preasócáidí nó déileálacha eile leis na meáin, comhairle agus oiliúint agus grianghrafadóireacht a bhaineann leis na meáin. | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| **Fo-iomlán Poiblíochta:** | |
| **(c) Póstaeir Toghcháin.** San áireamh i gcaiteachais a bhaineann le hábhar mar seo tá na costais a bhaineann le dearadh, táirgeadh, priontáil, crochadh agus baint anuas póstaer toghcháin. | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| **Fo-iomlán – Póstaeir Toghcháin:** | |

| Míreanna Caiteachais | Costas<br>€ |
|---|---|
| **(d) Ábhar Toghcháin Eile.**<br>San áireamh i gcaiteachais a bhaineann lena leithéid d'ábhar tá dearadh, táirgeadh, priontáil agus scaipeadh a leithéid sin d'ábhar (seachas póstaeir), lena n-áirítear cártaí canbhasála, bileoga toghcháin, forógraí toghcháin, nuachtlitreacha agus ábhar poiblíochta toghcháin eile. | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| **Fo-iomlán – Ábhar Toghcháin Eile:** | |
| **(e) Oifig agus Stáiseanóireacht.**<br>San áireamh i gcaiteachais a bhaineann leis na nithe seo tá costais a tabhaíodh maidir le fáil ar cíos nó úsáid áitribh oifige nó seomraí cruinnithe chun críocha toghcháin (seachas do na críocha a bhaineann le comhdhálacha páirtí bliantúla nó eile) agus na costais a bhaineann le téamh, leictreachas, árachas, ceannach nó fáil ar cíos trealaimh oifige, teileafóin, stáiseanóireacht agus postas. | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| **Fo-iomlán – Oifig agus Stáiseanóireacht:** | |
| **(f) Iompar agus Taisteal.**<br>San áireamh i gcaiteachais a bhaineann leis na nithe seo tá caiteachais a tabhaíodh maidir le hiompar agus taisteal (ar aon mhodh), peitreal agus díosal, fáil ar cíos nó úsáid feithiclí feachtais, fáil ar cíos nó úsáid feithiclí chun vótálaithe a iompar ar an lá vótála, costais chóiríochta, seirbhísí tacsaí agus hacnaí agus seirbhísí cúiréara. | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| **Fo-iomlán – Iompar agus Taisteal:** | |
| **(g) Taighde Margaidh.**<br>San áireamh i gcaiteachais a bhaineann leis an ní sin tá caiteachais a tabhaíodh maidir le pobalbhreith nó suirbhé eile den chineál céanna a bhain le toghchán laistigh de thréimhse 60 lá roimh an lá vótála i dtoghchán ag nó thar ceann páirtí polaitíochta nó iarrthóra toghcháin. | |
| | |
| | |
| | |

| Míreanna Caiteachais | Costas<br>€ |
|---|---|
| | |
| | |
| **Fo-iomlán – Taighde Margaidh:** | |
| **(h) Oibrithe Feachtais.**<br>San áireamh i gcaiteachais a bhaineann leis an ní sin tá íocaíochtaí le hoibrithe feachtais, árachas agus costais eile. | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| **Fo-iomlán – Oibrithe Feachtais:** | |
| **CAITEACHAIS TOGHCHÁIN IOMLÁNA TABHAITHE:** | |

## 7. Foinse Ioncaim chun Caiteachas a Íoc

| Cistí a úsáideadh chun íoc as caiteachais toghcháin | € |
|---|---|
| **Acmhainní Dílse** | |
| **Acmhainní Eile** | |

## 8. Síntiúis de bhreis ar €600 <u>(LE COMHLÁNÚ AG IARRTHÓIRÍ NACH nÉIRÍONN LEO)</u>

| **Liostaigh sonraí na síntiús aonair ar mó a luach ná €600, nó ar mó a luach comhiomlán ón duine céanna ná €600 i ndáil leis an toghchán áitiúil, agus a úsáideadh chun íoc as caiteachais toghcháin.** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Luach an tSíntiúis €** | **Cineál Síntiúis** | **Ainm an Deontóra** | **Cur Síos ar an Deontóir** | **Seoladh Poist an Deontóra** |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

## 9. Dearbhú reachtúil

NÍ MÓR DON IARRTHÓIR AN DEARBHÚ REACHTÚIL SEO A LEANAS A DHÉANAMH

Dearbhaímse, ..........................…………………., go sollúnta agus go macánta, go bhfuil an ráiteas thuas, chomh fada agus is eol dom agus mar a chreidim, ceart ó thaobh an ábhair de agus go ndearna mé gach beart réasúnach chun bheith sásta faoina chruinneas. Déanaim an dearbhú sollúnta seo á chreidiúint go coinsiasach é a bheith fíor agus de bhua an Achta i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938.

Sínithe ………………………………[iarrthóir]

Arna dhearbhú os mo chomhairse ..........................…………….……..[*ainm i gceannlitreacha*] [nótaire poiblí] [coimisinéir mionnaí] [feidhmeannach síochána] [aturnae cleachtach] ag ……………………………………………………[ainm an iarrthóra]
a bhfuil aithne phearsanta agam air nó uirthi,
nó
a cuireadh in aithne dom ag……………………. a bhfuil aithne phearsanta agam air nó uirthi,
nó
ar fíoraíodh a chéannacht nó a céannacht dom roimh an Dearbhú seo a thógáil, trí na nithe seo a leanas a thaispeáint dom:
pas uimh. …………….. [*uimhir phas*], a eisíodh ar ………………. [*dáta eisithe*] ag údaráis ………………… [*stát eisiúna*], atá ina údarás atá aitheanta ag Rialtas na hÉireann
nó
Uimhir cárta aitheantais náisiúnta. ………………[*uimhir cárta aitheantais*] a eisíodh ar……………..[*dáta eisithe*] ag údaráis ………………..[*stát eisiúna*] atá ina ballstát den AE, Cónaidhm na hEilvéise nó ina Páirtí Conarthach i gComhaontú LEE;
nó
Pas Eachtrannach uimh. …………………..(doiciméad is ionann agus pas) [*uimhir pas*]
a eisíodh ar ……………..[*dáta eisithe*] ag údaráis …………….. [stát eisiúna] atá ina údarás atá aitheanta ag Rialtas na hÉireann
nó
uimh. an doiciméid taistil do dhídeanaithe ……………..[*uimhir an doiciméid*] a eisíodh ar an ………………..[*dáta eisithe*] ag an tAire Dlí agus Cirt
nó
doiciméad taistil (seachas doiciméad taistil dídeanaí) ………………… [*uimh. an doiciméid*]
a eisíodh ar …………………….. [*dáta eisithe*] ag an tAire Dlí agus Cirt

in………………………………………………………… [*áit an tsínithe*]

an …….. lá seo de ………………………… [*dáta*]

……………………………………….
[*Síniú an fhinné*]

**PIONÓIS**
Duine a dhéanann dearbhú reachtúil bréagach nó míthreorach, go feasach, dlífear ar é nó í ar chiontú, fíneáil nach mó €3,000 a chur air nó uirthi nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná sé mhí, nó iad araon a chur air nó uirthi.

# Aguisín 2

## Ráiteas Cuntais Síntiús Polaitíochta: Deimhniú agus Dearbhú Reachtúil

**AN tACHT UM THOGHCHÁIN ÁITIÚLA (SÍNTIÚIS AGUS CAITEACHAS A NOCHTADH) 1999**

**DEIMHNIÚ LE GABHÁIL LEIS AN RÁITEAS**

**Ó INSTITIÚID AIRGEADAIS AR CHUNTAS SÍNTIÚS POLAITÍOCHTA**
**Ó IARRTHÓIR I dTOGHCHÁN ÁITIÚIL**

**NÍL AN DEIMHNIÚ SEO LE TAISPEÁINT GO POIBLÍ**

| | |
|---|---|
| **Ainm an iarrthóra** | |
| **Seoladh** | |
| **Údarás áitiúil** | |

Dearbhaím leis seo gur taisceadh síntiús chun críocha polaitíochta ar mó é ná €100 agus síntiúis ina dhiaidh sin a fuair mé le linn na bliana ……..… (cuir an bhliain isteach) sa chuntas síntiús polaitíochta seo a leanas, a bhfuil ráiteas ar an gcuntas ceangailte leis, agus gur úsáideadh gach méid a cuireadh chun dochair an chuntais (muirir ag an institiúid as an áireamh) chun críocha polaitíochta.

| | |
|---|---|
| **Uimhir chuntais** | |
| **Seoladh na hinstitiúide airgeadais** | |
| **Dáta ar osclaíodh an cuntas** | |

Sínithe:____________________________________ Dáta:________________

**Dearbhú reachtúil**

Dearbhaímse, ..........................…………………., go sollúnta agus go macánta, go bhfuil an ráiteas thuas, chomh fada agus is eol dom agus mar a chreidim, ceart ó thaobh an ábhair de agus go ndearna mé gach beart réasúnach chun bheith sásta faoina chruinneas. Déanaim an dearbhú sollúnta seo á chreidiúint go coinsiasach é a bheith fíor agus de bhua an Achta i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938.

Sínithe .............................................

Arna dhearbhú os mo chomhairse ...........................…………………….…….[*ainm i gceannlitreacha*] [nótaire poiblí] [coimisinéir mionnaí] [feidhmeannach síochána] [aturnae cleachtach] ag ……………………………………………[ainm an iarrthóra toghcháin áitiúil] a bhfuil aithne phearsanta agam air nó uirthi,

nó

a cuireadh in aithne dom ag……………………………………….. a bhfuil aithne phearsanta agam air nó uirthi,

nó

ar fíoraíodh a chéannacht nó a céannacht dom roimh an Dearbhú seo a thógáil, trí na nithe seo a leanas a thaispeáint dom:

pas uimh. …………….. [*uimhir phas*], a eisíodh ar ………………. [*dáta eisithe*] ag údaráis ………………… [*stát eisiúna*], atá ina údarás atá aitheanta ag Rialtas na hÉireann

nó

Uimhir cárta aitheantais náisiúnta. ………………[*uimhir cárta aitheantais*] a eisíodh ar……………..[*dáta eisithe*] ag údaráis ………………..[*stát eisiúna*] atá ina ballstát den AE, Cónaidhm na hEilvéise nó ina Páirtí Conarthach i gComhaontú LEE;

nó

Pas Eachtrannach uimh. …………………..(*doiciméad is ionann agus pas*) [*uimhir pas*] a eisíodh ar ……………..[*dáta eisithe*] ag údaráis …………….. [stát eisiúna] atá ina údarás atá aitheanta ag Rialtas na hÉireann

nó

uimh. an doiciméid taistil do dhídeanaithe ……………..[*uimhir an doiciméid*] a eisíodh ar ………………..[*dáta eisiúna*] ag an tAire Dlí agus Cirt

nó

doiciméad taistil (seachas doiciméad taistil dídeanaí) ………………… [*uimh. an doiciméid*] a eisíodh ar …………………….. [*dáta eisithe*] ag an tAire Dlí agus Cirt

in………………………………………………………………… [*áit an tsínithe*]

an …….. lá seo de ………………………… [*dáta*]

…………………………………………………
[*Síniú an fhinné*]

**Tabhair faoi deara <u>nach mór</u> go mbainfidh an finné le ceann amháin de na catagóirí seo a leanas: Coimisinéir Mionnaí / Nótaire Poiblí / Feidhmeannach Síochána / Aturnae Cleachtach.**

**PIONÓIS**

Duine a dhéanann dearbhú reachtúil bréagach nó míthreorach, go feasach, dlífear ar é nó í ar chiontú, fíneáil nach mó €3,000 a chur air nó uirthi nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná sé mhí, nó iad araon a chur air nó uirthi.

# Aguisín 3

## Teorainneacha Caithimh Údaráis Áitiúil agus Toghlimistéir Áitiúil

| Údarás Áitiúil / Toghlimistéar Áitiúil | Líon Comhaltaí | Daonra (Daonáireamh 2022) | Teorainn Chaithimh Iarrthóra Toghcháin Áitiúla 2024 |
|---|---|---|---|
| **Ceatharlach** | **18** | **56,932** | |
| Ceatharlach | 7 | 22,650 | €11,500 |
| Muine Bheag | 5 | 15,630 | €9,750 |
| An Tulach | 6 | 18,652 | €11,500 |
| | | | |
| **An Cabhán** | **18** | **76,176** | |
| An Cabhán – Béal Tairbirt | 6 | 25,959 | €11,500 |
| Coill an Chollaigh – Muinchille | 6 | 24,415 | €11,500 |
| Baile Shéamais Dhuibh | 6 | 25,802 | €11,500 |
| | | | |
| **Contae an Chláir** | **28** | **118,817** | |
| Inis | 7 | 30,910 | €11,500 |
| Inis Díomáin | 4 | 16,408 | €9,750 |
| Cill Dalua | 5 | 20,108 | €11,500 |
| Cill Rois | 5 | 20,994 | €11,500 |
| Sionainn | 7 | 30,397 | €11,500 |
| | | | |
| **Cathair Chorcaí** | **31** | **210,853** | |
| Cathair Chorcaí Thoir Thuaidh | 6 | 42,174 | €13,000 |
| Cathair Chorcaí Thiar Thuaidh | 6 | 40,181 | €13,000 |
| Cathair Chorcaí Theas-Láir | 6 | 38,677 | €13,000 |
| Cathair Chorcaí Thoir Theas | 6 | 42,780 | €13,000 |
| Cathair Chorcaí Thiar Theas | 7 | 47,041 | €13,000 |
| | | | |
| **Contae Chorcaí** | **55** | **332,015** | |
| Droichead na Bandan – Cionn tSáile | 6 | 37,269 | €13,000 |
| Beanntraí – Iarthar Chorcaí | 4 | 22,424 | €11,500 |
| Carraig Uí Leighin | 6 | 35,141 | €13,000 |
| An Cóbh | 6 | 34,117 | €11,500 |
| Mainistir Fhear Maí | 6 | 36,406 | €13,000 |
| Ceann Toirc | 4 | 24,935 | €11,500 |
| Maigh Chromtha | 6 | 36,844 | €13,000 |
| Mala | 5 | 29,157 | €11,500 |
| Mainistir na Corann | 7 | 45,441 | €13,000 |
| An Sciobairín – Iarthar Chorcaí | 5 | 30,281 | €11,500 |
| | | | |

| Údarás Áitiúil / Toghlimistéar Áitiúil | Líon Comhaltaí | Daonra (Daonáireamh 2022) | Teorainn Chaithimh Iarrthóra Toghcháin Áitiúla 2024 |
|---|---|---|---|
| **Dún na nGall** | **37** | **159,192** | |
| Bun Cranncha | 5 | 22,366 | €11,500 |
| Carn Domhnach | 4 | 16,964 | €9,750 |
| Dún na nGall | 6 | 26,492 | €11,500 |
| Na Gleannta | 6 | 23,919 | €11,500 |
| Leitir Ceanainn | 7 | 29,791 | €11,500 |
| Leifear-Sraith an Urláir | 6 | 25,889 | €11,500 |
| Baile na nGallóglach | 3 | 13,771 | €9,750 |
| | | | |
| **Cathair Bhaile Átha Cliath** | **63** | **554,554** | |
| Ard Aidhin-Fionnbhrú | 6 | 51,156 | €13,000 |
| Baile Formaid-Droimeanach | 5 | 46,068 | €13,000 |
| Baile Munna-Fionnghlas | 6 | 55,010 | €13,000 |
| An Chabrach-Glas Naíon | 7 | 58,652 | €13,000 |
| Cluain Tarbh | 6 | 54,182 | €13,000 |
| Domhnach Míde | 5 | 41,593 | €13,000 |
| Camaigh-Ráth Maonais | 6 | 55,861 | €13,000 |
| Lár na Cathrach Thuaidh | 7 | 63,612 | €13,000 |
| Peambróg | 5 | 45,473 | €13,000 |
| Lár na Cathrach Thoir Theas | 5 | 40,603 | €13,000 |
| Lár na Cathrach Thiar Theas | 5 | 42,344 | €13,000 |
| | | | |
| **Dún Laoghaire-Ráth an Dúin** | **40** | **218,018** | |
| An Charraig Dhubh | 6 | 33,727 | €11,500 |
| Dún Droma | 7 | 37,452 | €13,000 |
| Dún Laoghaire | 7 | 40,545 | €13,000 |
| Gleann Cuilinn-Áth an Ghainimh | 7 | 36,622 | €13,000 |
| Cill Iníon Léinín-Seanchill | 7 | 39,164 | €13,000 |
| Stigh Lorgan | 6 | 30,508 | €11,500 |
| | | | |
| **Fine Gall** | **40** | **296,020** | |
| Baile Brigín | 5 | 36,570 | €13,000 |
| Baile Bhlainséir-Mullach Eadrad | 5 | 35,304 | €13,000 |
| Caisleán Cnucha | 6 | 46,131 | €13,000 |
| Binn Éadair-Mullach Íde | 7 | 55,472 | €13,000 |
| Ongar | 5 | 35,832 | €13,000 |

| Údarás Áitiúil / Toghlimistéar Áitiúil | Líon Comhaltaí | Daonra (Daonáireamh 2022) | Teorainn Chaithimh Iarrthóra Toghcháin Áitiúla 2024 |
|---|---|---|---|
| An Ros-Lusca | 5 | 34,674 | €11,500 |
| Sord | 7 | 52,037 | €13,000 |
| | | | |
| **Cathair na Gaillimhe** | **18** | **78,668** | |
| Lár Chathair na Gaillimhe | 6 | 26,702 | €11,500 |
| Oirthear Chathair na Gaillimhe | 6 | 26,595 | €11,500 |
| Iarthar Chathair na Gaillimhe | 6 | 25,371 | €11,500 |
| | | | |
| **Contae na Gaillimhe** | **39** | **179,390** | |
| Baile Átha an Rí-Órán Mór | 7 | 32,833 | €11,500 |
| Béal Átha na Sluaighe | 6 | 28,110 | €11,500 |
| Tuaisceart Chonamara | 4 | 17,191 | €9,750 |
| Deisceart Chonamara | 5 | 21,341 | €11,500 |
| An Gort-Cinn Mhara | 5 | 23,505 | €11,500 |
| Baile Locha Riach | 5 | 23,219 | €11,500 |
| Tuaim | 7 | 33,191 | €11,500 |
| | | | |
| **Ciarraí** | **33** | **147,707** | |
| Daingean Uí Chúis | 3 | 14,181 | €9,750 |
| Oileán Ciarraí | 4 | 17,145 | €9,750 |
| Neidín | 6 | 25,062 | €11,500 |
| Cill Airne | 7 | 29,607 | €11,500 |
| Lios Tuathail | 6 | 28,674 | €11,500 |
| Trá Lí | 7 | 33,038 | €11,500 |
| | | | |
| **Cill Dara** | **40** | **222,504** | |
| Baile Átha Í | 5 | 26,541 | €11,500 |
| Cill Droichid | 4 | 21,529 | €11,500 |
| Claonadh | 5 | 28,437 | €11,500 |
| Cill Dara | 5 | 25,702 | €11,500 |
| Léim an Bhradáin | 3 | 15,957 | €9,750 |
| Maigh Nuad | 5 | 29,730 | €11,500 |
| An Nás | 7 | 39,126 | €13,000 |
| Droichead Nua | 6 | 35,482 | €13,000 |
| | | | |

| Údarás Áitiúil / Toghlimistéar Áitiúil | Líon Comhaltaí | Daonra (Daonáireamh 2022) | Teorainn Chaithimh Iarrthóra Toghcháin Áitiúla 2024 |
|---|---|---|---|
| **Cill Chainnigh** | **24** | **99,232** | |
| Callainn-Baile Mhic Andáin | 6 | 25,357 | €11,500 |
| Caisleán an Chomair | 6 | 23,581 | €11,500 |
| Cill Chainnigh | 7 | 28,951 | €11,500 |
| Baile an Phoill | 5 | 21,343 | €11,500 |
| | | | |
| **Laois** | **19** | **84,697** | |
| Buiríos Mór Osraí – Móinteach Mílic | 6 | 24,807 | €11,500 |
| An Ghráig – Cúil an tSúdaire | 6 | 28,096 | €11,500 |
| Port Laoise | 7 | 31,794 | €11,500 |
| | | | |
| **Liatroim** | **18** | **32,044** | |
| Béal an Átha Mhóir | 6 | 9,862 | €9,750 |
| Cora Droma Rúisc | 6 | 11,361 | €9,750 |
| Baile Hamaltúin | 6 | 10,821 | €9,750 |
| | | | |
| **Cathair agus Contae Luimnigh** | **40** | **194,899** | |
| Áth Dara – Ráth Caola | 6 | 27,710 | €11,500 |
| An Cheapach Mhór – Cill Mocheallóg | 7 | 34,821 | €11,500 |
| Oirthear Chathair Luimnigh | 7 | 35,342 | €13,000 |
| Tuaisceart Chathair Luimnigh | 7 | 34,714 | €11,500 |
| Iarthar Chathair Luimnigh | 7 | 34,896 | €11,500 |
| An Caisleán Nua | 6 | 27,416 | €11,500 |
| | | | |
| **An Longfort** | **18** | **40,873** | |
| Baile Uí Mhatháin | 6 | 14,153 | €9,750 |
| Gránard | 5 | 10,674 | €9,750 |
| An Longfort | 7 | 16,046 | €9,750 |
| | | | |
| **Lú** | **29** | **128,884** | |
| Baile Átha Fhirdhia | 6 | 25,317 | €11,500 |
| Droichead Átha – Ceantar Tuaithe | 4 | 17,876 | €9,750 |

| Údarás Áitiúil / Toghlimistéar Áitiúil | Líon Comhaltaí | Daonra (Daonáireamh 2022) | Teorainn Chaithimh Iarrthóra Toghcháin Áitiúla 2024 |
|---|---|---|---|
| Droichead Átha – Ceantar Uirbeach | 6 | 27,656 | €11,500 |
| Dún Dealgan-Cairlinn | 6 | 25,599 | €11,500 |
| Deisceart Dhún Dealgan | 7 | 32,436 | €11,500 |
| | | | |
| **Maigh Eo** | **30** | **130,507** | |
| Béal an Átha | 6 | 25,110 | €11,500 |
| Béal an Mhuirthead | 3 | 12,600 | €9,750 |
| Caisleán an Bharraigh | 7 | 29,992 | €11,500 |
| Clár Chlainne Mhuiris | 6 | 27,141 | €11,500 |
| Béal Átha na Muice | 4 | 17,286 | €9,750 |
| Cathair na Mart | 4 | 18,378 | €11,500 |
| | | | |
| **An Mhí** | **40** | **195,044** | |
| Cill Dhéagláin | 6 | 29,285 | €11,500 |
| Ceanannas | 7 | 32,398 | €11,500 |
| An Inse-Baile an Bhiataigh | 7 | 34,029 | €11,500 |
| An Uaimh | 7 | 34,931 | €11,500 |
| Ráth Tó | 7 | 33,206 | €11,500 |
| Baile Átha Troim | 6 | 31,195 | €11,500 |
| | | | |
| **Muineachán** | **18** | **61,386** | |
| Béal Átha Beithe-Cluain Eois | 5 | 17,255 | €9,750 |
| Carraig Mhachaire Rois-Baile na Lorgan | 6 | 21,436 | €11,500 |
| Muineachán | 7 | 22,695 | €11,500 |
| | | | |
| **Uíbh Fhailí** | **19** | **77,961** | |
| Biorra | 6 | 25,476 | €11,500 |
| Éadan Doire | 6 | 23,326 | €11,500 |
| Tulach Mhór | 7 | 29,159 | €11,500 |
| | | | |
| **Ros Comáin** | **18** | **64,544** | |
| Baile Átha Luain | 6 | 19,979 | €11,500 |
| Mainistir na Búille | 6 | 21,831 | €11,500 |
| Ros Comáin | 6 | 22,734 | €11,500 |
| | | | |
| | | | |

| Údarás Áitiúil / Toghlimistéar Áitiúil | Líon Comhaltaí | Daonra (Daonáireamh 2022) | Teorainn Chaithimh Iarrthóra Toghcháin Áitiúla 2024 |
|---|---|---|---|
| **Contae Shligigh** | **18** | **65,535** | |
| Baile an Mhóta-Tobar an Choire | 7 | 26,731 | €11,500 |
| Sligeach-Droim Chliabh | 5 | 17,675 | €9,750 |
| Sligeach-An Leathros | 6 | 21,129 | €11,500 |
| | | | |
| **Baile Átha Cliath Theas** | **40** | **278,767** | |
| Cluain Dolcáin | 7 | 46,533 | €13,000 |
| Teach na Giúise-Bóthar na Bruíne | 5 | 34,202 | €11,500 |
| Leamhcán | 5 | 33,990 | €11,500 |
| Baile an Fhalmairigh-Cnoc an Fhuaráin | 5 | 37,453 | €13,000 |
| Ráth Fearnáin-Teach Mealóg | 7 | 47,909 | €13,000 |
| Lár Thamhlachta | 6 | 43,118 | €13,000 |
| Deisceart Thamhlachta | 5 | 35,562 | €13,000 |
| | | | |
| **Tiobraid Árann** | **40** | **159,553** | |
| An Chathair | 4 | 14,717 | €9,750 |
| Carraig na Siúire | 5 | 19,440 | €11,500 |
| Caiseal-Tiobraid Árann | 7 | 27,382 | €11,500 |
| Cluain Meala | 6 | 24,310 | €11,500 |
| An tAonach | 5 | 21,373 | €11,500 |
| An Port Nua | 4 | 16,355 | €9,750 |
| Ros Cré-An Teampall Mór | 4 | 16,594 | €9,750 |
| Durlas | 5 | 19,382 | €9,750 |
| | | | |
| **Cathair agus Contae Phort Láirge** | **32** | **116,176** | |
| Dún Garbháin | 6 | 20,497 | €11,500 |
| Lios Mór | 3 | 10,724 | €9,750 |
| Port Lách-Coill Mhic Thomáisín | 5 | 17,120 | €9,750 |
| Trá Mhór-Iarthar Chathair Phort Láirge | 6 | 22,372 | €11,500 |
| Oirthear Chathair Phort Láirge | 6 | 22,987 | €11,500 |
| Deisceart Chathair Phort Láirge | 6 | 22,476 | €11,500 |
| | | | |
| **An Iarmhí** | **20** | **88,770** | |
| Baile Átha Luain | 5 | 22,692 | €11,500 |

| Údarás Áitiúil / Toghlimistéar Áitiúil | Líon Comhaltaí | Daonra (Daonáireamh 2022) | Teorainn Chaithimh Iarrthóra Toghcháin Áitiúla 2024 |
|---|---|---|---|
| Cionn Átha Gad | 5 | 21,674 | €11,500 |
| An Móta | 4 | 18,444 | €11,500 |
| An Muileann gCearr | 6 | 25,960 | €11,500 |
| | | | |
| **Loch Garman** | **34** | **149,722** | |
| Inis Córthaidh | 6 | 27,253 | €11,500 |
| Guaire | 6 | 27,351 | €11,500 |
| Ros Láir | 5 | 21,275 | €11,500 |
| Cill Mhucraise | 4 | 16,725 | €9,750 |
| Ros Mhic Thriúin | 6 | 27,739 | €11,500 |
| Loch Garman | 7 | 29,379 | €11,500 |
| | | | |
| **Cill Mhantáin** | **32** | **142,425** | |
| An tInbhear Mór | 6 | 26,185 | €11,500 |
| Bealach Conglais | 6 | 26,167 | €11,500 |
| Oirthear Bhré | 4 | 17,127 | €9,750 |
| Iarthar Bhré | 4 | 18,404 | €11,500 |
| Na Clocha Liatha | 6 | 26,323 | €11,500 |
| Cill Mhantáin | 6 | 28,219 | €11,500 |
| | | | |